

AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

TÁ COMHDHÁIL IONADAITHÉ RIALTAIS NA mBALLSTÁT a comóradh sa Bhruiséil an 30 Meán Fómhair 2003 chun an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a ghlacadh de thoil a chéile tar éis na téacsanna seo a leanas a ghlacadh:

I. Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

II. Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

1. Prótacal maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach
2. Prótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm
3. Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
4. Prótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh
5. Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta
6. Prótacal maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh agus suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú
7. Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh
8. Prótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne

9. Prótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice
10. Prótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach
11. Prótacal maidir leis na critéir um chóineasú
12. Prótacal maidir leis an nGrúpa Euro
13. Prótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta
14. Prótacal maidir le forálacha a bhaineann leis an Danmhairg i ndáil leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta
15. Prótacal maidir le cúraimí áirithe Bhanc Náisiúnta na Danmhairge
16. Prótacal maidir le córas fhranc Chomhphobal Airgeadais an Aigéin Chiúin
17. Prótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh
18. Prótacal maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal III-130 den Bhunreacht a chur i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn

19. Prótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca le beartais a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha, le tearmann agus inimirce agus le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, agus i dtaca le comhar pólíneachta
20. Prótacal maidir le seasamh na Danmhairge
21. Prótacal maidir le caidreamh eachtrach na mBallstát i dtaca le teorainneacha seachtracha a thrasnú
22. Prótacal maidir le tearmann do náisiúnaigh de chuid na mBallstát
23. Prótacal maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal I-41(6) agus le hAirteagal III-312 den Bhunreacht
24. Prótacal maidir le hAirteagail I-41(2) den Bhunreacht
25. Prótacal maidir le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach ar thárgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre
26. Prótacal maidir le maoin a fháil sa Danmhairg
27. Prótacal maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit
28. Prótacal maidir le hAirteagal III-214 den Bhunreacht
29. Prótacal maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

30. Prótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn
31. Prótacal maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann
32. Prótacal a bhaineann le hAirteagal I-9(2) den Bhunreacht maidir leis an Aontas a aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint
33. Prótacal maidir leis na hionstraimí agus na conarthaí a rinne an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Conradh ar an Aontas Eorpach a fhorlónadh nó a leasú
34. Prótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstiúidí agus comhlacthaí an Aontais
35. Prótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach
36. Prótacal ag leasú an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

III. Iarscríbhinní a ghabhann leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

1. Iarscríbhinn I – Liosta dá bhforáiltear in Airteagal III-226 den Bhunreacht
2. Iarscríbhinn II – Tíortha agus críocha thar lear a bhfuil feidhm ag forálacha Theideal IV de Chuid III den Bhunreacht maidir leo

Ghlac an Chomhdháil na Dearbhuithe seo a leanas atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

- A. Dearbhuithe a bhaineann le forálacha den Bhunreacht
 - 1. Dearbhú maidir le hAirteagal I-6
 - 2. Dearbhú maidir le hAirteagal I-9(2)
 - 3. Dearbhú maidir le hAirteagail I-22, I-27 agus I-28
 - 4. Dearbhú maidir le hAirteagal I-24(7) a bhaineann leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaráinacht na Comhairle
 - 5. Dearbhú maidir le hAirteagal I-25
 - 6. Dearbhú maidir le hAirteagal I-26
 - 7. Dearbhú maidir le hAirteagal I-27
 - 8. Dearbhú maidir le hAirteagal I-36
 - 9. Dearbhú maidir le hAirteagail I-43 agus III-329
 - 10. Dearbhú maidir le hAirteagal I-51
 - 11. Dearbhú maidir le hAirteagal I-57

12. Dearbhú maidir leis na mínithe fán gCairt um Chearta Bunúsacha
13. Dearbhú maidir le hAirteagal III-116
14. Dearbhú maidir le hAirteagail III-136 agus III-267
15. Dearbhú maidir le hAirteagail III-160 agus III-322
16. Dearbhú maidir le hAirteagal III-167(2)(c)
17. Dearbhú maidir le hAirteagal III-184
18. Dearbhú maidir le hAirteagal III-213
19. Dearbhú maidir le hAirteagal III-220
20. Dearbhú maidir le hAirteagal III-243
21. Dearbhú maidir le hAirteagal III-248
22. Dearbhú maidir le hAirteagal III-256
23. Dearbhú maidir leis an dara fomhír d'Airteagal III-273(1)
24. Dearbhú maidir le hAirteagal III-296

25. Dearbhú maidir le hAirteagal III-325 maidir leis na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais
26. Dearbhú maidir le hAirteagal III-402(4)
27. Dearbhú maidir le hAirteagal III-419
28. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-440(7)
29. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-448(2)
30. Dearbhú maidir le daingniú an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip

B. Dearbhuithe a bhaineann le Prótacail atá i gceangal leis an mBunreacht

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne

31. Dearbhú maidir le hOileáin Åland
32. Dearbhú maidir leis an bpobal Sami

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice

33. Dearbhú maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir
34. Dearbhú ón gCoimisiún maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir
35. Dearbhú maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin
36. Dearbhú maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise
37. Dearbhú maidir le hAonad 1 agus Aonad 2 de ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic
38. Dearbhú maidir leis an gCipir
39. Dearbhú i ndáil leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge
40. Dearbhú maidir leis an bPrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais
41. Dearbhú maidir leis an Iodáil

Ina theannta sin, thug an Chomhdháil dá haire na Dearbhuithe seo a leanas atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

42. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal I-55
43. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal IV-440
44. Dearbhú ó Phoblacht Chónaighme na Gearmáine, ó Éirinn, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht na hOstaire agus ó Ríocht na Sualainne
45. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne agus ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
46. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"
47. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"
48. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gceart vótala sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa
49. Dearbhú ó Ríocht na Beilge maidir leis na Parlaimintí náisiúnta
50. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia agus ó Phoblacht na hUngáire maidir le litriú ainm an airgeadra aonair sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

CLÁR

A. Dearbhuithe a bhaineann le forálacha den Bhunreacht

1. Dearbhú maidir le hAirteagal I-6
2. Dearbhú maidir le hAirteagal I-9(2)
3. Dearbhú maidir le hAirteagail I-22, I-27 agus I-28
4. Dearbhú maidir le hAirteagal I-24(7) a bhaineann leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaráinacht na Comhairle
5. Dearbhú maidir le hAirteagal I-25
6. Dearbhú maidir le hAirteagal I-26
7. Dearbhú maidir le hAirteagal I-27
8. Dearbhú maidir le hAirteagal I-36
9. Dearbhú maidir le hAirteagail I-43 agus III-329
10. Dearbhú maidir le hAirteagal I-51
11. Dearbhú maidir le hAirteagal I-57

12. Dearbhú maidir leis na mínithe fán gCairt um Chearta Bunúsacha
13. Dearbhú maidir le hAirteagal III-116
14. Dearbhú maidir le hAirteagail III-136 agus III-267
15. Dearbhú maidir le hAirteagail III-160 agus III-322
16. Dearbhú maidir le hAirteagal III-167(2)(c)
17. Dearbhú maidir le hAirteagal III-184
18. Dearbhú maidir le hAirteagal III-213
19. Dearbhú maidir le hAirteagal III-220
20. Dearbhú maidir le hAirteagal III-243
21. Dearbhú maidir le hAirteagal III-248
22. Dearbhú maidir le hAirteagal III-256
23. Dearbhú maidir leis an dara fomhír d'Airteagal III-273(1)
24. Dearbhú maidir le hAirteagal III-296
25. Dearbhú maidir le hAirteagal III-325 maidir leis na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais

26. Dearbhú maidir le hAirteagal III-402(4)
27. Dearbhú maidir le hAirteagal III-419
28. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-440(7)
29. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-448(2)
30. Dearbhú maidir le daingniú an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip

B. Dearbhuithe a bhaineann le Prótacail atá i gceangal leis an mBunreacht

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne

31. Dearbhú maidir le hOileáin Åland

32. Dearbhú maidir leis an bpobal Sami

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice

33. Dearbhú maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir
34. Dearbhú ón gCoimisiún maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir
35. Dearbhú maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin
36. Dearbhú maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise
37. Dearbhú maidir le hAonad 1 agus Aonad 2 de ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic
38. Dearbhú maidir leis an gCipir
39. Dearbhú i ndáil leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge
40. Dearbhú maidir leis an bPrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseachá a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais
41. Dearbhú maidir leis an Iodáil

Dearbhuithe ó Bhallstáit

42. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal I-55
43. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal IV-440
44. Dearbhú ó Phoblacht Chónaighme na Gearmáine, ó Éirinn, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht na hOstaire agus ó Ríocht na Sualainne
45. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne agus ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
46. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"
47. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"
48. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gceart vótala sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa
49. Dearbhú ó Ríocht na Beilge maidir leis na Parlaimintí náisiúnta
50. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia agus ó Phoblacht na hUngáire maidir le litriú ainm an airgeadra aonair sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

**A. DEARBHUITHE A BHAINNEANN
LE FORÁLACHA DEN BHUNREACHT**

1. Dearbhú maidir le hAirteagal I-6

Tugann an Chomhdháil dá haire go bhfreagraíonn Airteagal I-6 don chásdlí atá ann de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus de chuid na Cúirte Céadchéime.

2. Dearbhú maidir le hAirteagal I-9(2)

Comhaontaíonn an Chomhdháil gur chóir aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a chosaint a dhéanamh ar dhóigh a chaomhnódh sainairíonna dhlí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhdháil dá haire go bhfuil agallamh ann go tráthrialta idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine; d'fhéadfaí an t-agallamh sin a neartú nuair a aontóidh an tAontas Eorpach don Choinbhinsiún sin.

3. Dearbhú maidir le hAirteagail I-22, I-27 agus I-28

Nuair atá daoine á roghnú chun feidhmeanna Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin agus Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a shealbhú, ní mór aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann éagsúlacht gheografach agus dhéimeagrafach an Aontais agus a chuid Ballstát a urramú.

4. Dearbhú maidir le hAirteagal I-24(7)
 a bhaineann leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach
 maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle

Dearbhaíonn an Chomhdháil gur chóir don Chomhairle túis a chur leis an gcinneadh Eorpach a ullmhú lena mbunófar na bearta chun an cinneadh Eorpach ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle a chur i bhfeidhm a luaithe a bheidh an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip sínithe agus gur chóir di a formheas polaitiúil a thabhairt laistigh de shé mhí. Leagtar amach thíos an dréachtchinneadh Eorpach ón gComhairle Eorpach a ghlacfar ar dháta an Conradh sin a theacht i bhfeidhm.

Dréachtchinneadh Eorpach ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle.

AIRTEAGAL 1

1. Sealbhóidh grúpaí réamhfhunaithe de thrí Bhallstát uachtaránacht fhoirmíochtaí na Chomhairle, seachas foirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, go ceann tréimhse ocht mí dhéag. Beidh na grúpaí comhdhéanta ar bhonn uainíochta comhionainne idir na Ballstáit ag féachaint dá n-éagsúlacht agus don chothromaíocht gheografach san Aontas.
2. Beidh gach comhalta den ghrúpa ina chathaoirleach de réir uainíochta, go ceann tréimhse sé mhí, ar fhoirmíochtaí uile na Comhairle, seachas an fhoirmíocht Gnóthaí Eachtracha. Beidh comhaltaí eile an ghrúpa de chúnamh ag an gCathaoirleach i dtaca lena fhreagrachtaí uile ar bhonn comhchláir. Féadfaidh comhaltaí an ghrúpa socruithe eile a chinneadh eatarthu féin.

AIRTEAGAL 2

Beidh ionadaí de chuid an Bhallstáit a bheidh i gceannas ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ina chathaoirleach ar Choiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát.

Beidh ionadaí d'Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais ina chathaoirleach ar an gCoiste Polaitiúil agus Slándála.

Mura bhforáiltear a mhalaирt i gcomhréir le hAirteagal 4, beidh an comhalta den ghrúpa a bheidh i gceannas ar an bhfoirmíocht ábhartha den Chomhairle i gceannas ar na comhlachtaí ullmhúcháin d'fhoirmíochtaí éagsúla na Comhairle, seachas an fhoirmíocht Gnóthaí Eachtracha.

AIRTEAGAL 3

Déanfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, i gcomhar leis an gCoimisiún, comhchuibheas agus leanúnachas imeachtaí na bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle a áirithíú faoi chuimsiú clár ilbhliantúil. Glacfaidh na Ballstáit a shealbhaíonn an Uachtaráinacht gach beart is gá maidir le heagrú agus dea-oibriú imeachtaí na Comhairle, agus Ardrúnaíocht na Comhairle de chúniamh acu.

AIRTEAGAL 4

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh Eorpach lena mbunófar na bearta chun an cinneadh seo a chur chun feidhme.

5. Dearbhú maidir le hAirteagal I-25

Dearbhaíonn an Chomhdháil go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh Eorpach maidir le hAirteagal I-25 a chur chun feidhme ar an lá a thiocfaidh an Conradh ag bunú Bunreachtána don Eoraip i bhfeidhm. Tá an dréachtchinneadh leagtha amach anseo thíos:

Dréachtchinneadh Eorpach ón gComhairle maidir le hAirteagal I-25 a chur chun feidhme

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba chóir forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar aistriú go réidh ón gcóras cinnteoireachta sa Chomhairle trí thromlach cáilithe, mar atá sé sainithe i gConradh Nice agus leagtha amach in Airteagal 2(2) den Phrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstiúidí agus comhlacthaí an Aontais atá i gceangan leis an mBunreacht agus a leanfaidh de bheith infheidhme go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2009, go dtí an córas vótála dá bhforáiltear in Airteagal I-25 den Bhunreacht a mbeidh feidhm aige ón 1 Samhain 2009.
- (2) Meabhraítéar gurb é cleachtas na Comhairle a seandícheall a dhéanamh chun dlisteanacht dhaonlathach na ngníomhartha arna nglacadh trí thromlach cáilithe a neartú.
- (3) Meastar gurb iomchuí an cinneadh seo a choimeád i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun trasdul réidh go dtí an córas vótála nua dá bhforáiltear sa Bhunreacht a áirithiú,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

AIRTEAGAL 1

Má dhéanann an líon sin de chomhaltaí na Comhairle is gá chun bheith ina mionlach blocála mar thoradh ar an gcéad fhomhír d'Airteagal I-25(1) nó Airteagal I-25(2) a chur i bhfeidhm, is é sin comhaltaí a ionadaíonn:

- (a) trí cheathrú ar a laghad den daonra, nó
- (b) trí cheathrú ar a laghad de líon na mBallstát,

a bhfreasúra in aghaidh an Chomhairle gníomh a ghlacadh trí thromlach cáilithe a chur i bhfios, pléifidh an Chomhairle an cheist.

AIRTEAGAL 2

Le linn na bpléití sin, déanfaidh an Chomhairle a seandícheall, laistigh de thréimhse réasúnta agus gan dochar do na teorainneacha oibleagáideacha ama arna leagan síos le dlí an Aontais, teacht ar réiteach sásúil chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní arna dtarraingt anuas ag na comhaltaí sin den Chomhairle dá dtagraítear in Airteagal 1.

AIRTEAGAL 3

Chuige sin, glacfaidh Uachtaráin na Comhairle, le cúnamh ón gCoimisiún agus i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, gach tionscnamh is gá chun gur fusa teacht ar bonn níos leithne don chomhaontú sa Chomhairle. Tabharfaidh comhaltaí na Comhairle gach cúnamh dó nó di.

AIRTEAGAL 4

Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh seo an 1 Samhain 2009. Fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí 2014 ar a laghad. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an Chomhairle cinneadh Eorpach a ghlacadh á aisghairm.

6. Dearbhú maidir le hAirteagal I-26

Measann an Chomhdháil, nuair nach mbeidh náisiúnaigh de chuid na mBallstát uile ina gcomhaltaí den Choimisiún a thuilleadh, gur chóir don Choimisiún aird ar leith a thabhairt don ghá atá ann tréadhearcacht iomlán a áirithiú ina chaidreamh leis na Ballstáit uile. Dá dheasca sin, ba chóir don Choimisiún fanacht i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit uile, bíodh náisiúnach dá gcuid ina chomhalta den Choimisiún nó ná bíodh, agus sa chomhthéacs sin, aird ar leith a thabhairt don ghá atá ann faisnéis a pháirtiú leis na Ballstáit uile agus dul i gcomhairle leo.

Measann an Chomhdháil freisin gur chóir don Choimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na réaltachtaí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha sna Ballstáit uile, lena n-áirítear iadsan nach bhfuil náisiúnach dá gcuid ina chomhalta den Choimisiún, a chur san áireamh go hiomlán. Ba chóir go mbeadh ar áireamh sna bearta sin ráthaíocht go gcuirfear staid na mBallstát sin san áireamh trí shocruithe eagrúcháin iomchuí a ghlacadh.

7. Dearbhú maidir le hAirteagal I-27

Measann an Chomhdháil, i gcomhréir le forálacha an Bhunreachta, go bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach freagrach go comhpháirteach as dea-oibriú an phróisis chun Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a thoghadh. Dá dheasca sin, sula nglacfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh, rachaidh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí i mbun an chomhairliúcháin is gá faoin gcreat a mheastar is iomchuí. Beidh an comhairliúchán sin thíos ar chúlra na n-iarrthóirí d'oifig Uachtarán an Choimisiúin agus aird á tabhaint ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal I-27(1). Féadfar na socruthé don chomhairliúchán sin a chinneadh in am tráthá de chomhthoil idir Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach.

8. Dearbhú maidir le hAirteagal I-36

Tugann an Chomhdháil dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, i gcomhréir lena chleachtas seánbhunaithe, leanúint de dhul i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus dréachtrialacháin Eorpacha arna dtarmligean i réimse na seirbhísí airgeadais á n-ullmhú aige.

9. Dearbhú maidir le hAirteagail I-43 agus III-329

Gan dochar do na bearta arna nglacadh ag an Aontas chun a oibleagáid dlúthpháirtíochta a chomhlíonadh i leith Ballstát a fhulaingíonn ionsaí sceimhlitheoireacha nó tubaiste nádúrtha nó de dhéantús an duine, ní hé is aidhm d'aon fhoráil in Airteagail I-43 agus III-329 den Bhunreacht difear a dhéanamh do cheart Ballstáit eile na meáin is iomchuí a roghnú chun a oibleagáid dlúthpháirtíochta féin i leith an Bhallstáit sin a chomhlíonadh.

10. Dearbhú maidir le hAirteagal I-51

Dearbhaíonn an Chomhdháil nach mór aird chuí a thabhairt ar shainghnéithe sonracha an ábhair nuair atá rialacha le glacadh ar bhonn Airteagal I-51 a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint a bhféadfadh impleachtaí díreacha a bheith acu ar an tslándáil náisiúnta. Meabhraíonn sí go bhfuil maoluithe sonracha i dtaca leis sin ar áireamh sa reachtaíocht atá infheidhme faoi láthair (féach go háirithe Treoir 95/46/CE).

11. Dearbhú maidir le hAirteagal I-57

Cuirfidh an tAontas san áireamh staid shonrach na Stát beagmhéide a dhéanann caidreamh sonrach gaireachta a choimeád ar bun leis.

12. Dearbhú maidir leis na mínithe fán gCairt um Chearta Bunúsacha

Tugann an Chomhdháil dá haire na mínithe fán gCairt um Chearta Bunúsacha a ullmhaíodh faoi údarás Praesidium an Choinbhinsiúin a dhréachtaigh an Chairt, agus a tugadh suas chun dáta faoi chúram Praesidium an Choinbhinsiúin Eorpaigh, agus atá leagtha amach thíos.

MÍNITHE FÁN gCAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA

Ullmhaíodh na mínithe seo i dtosach faoi údarás Praesidium an Choinbhinsiúin a dhréachtaigh an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tugadh suas chun dáta iad faoi chúram Praesidium an Choinbhinsiúin Eorpaigh i bhfianaise na gcoigeartuithe dréachtaithe a rinne an Coinbhinsiún sin ar théacs na Cairte (go háirithe ar Airteagail 51 agus 52¹) agus i bhfianaise an phoráis a tháinig ar dhlí an Aontais. Cé nach bhfuil stádas dlí acu iontu féin, is mór is fiú iad mar uirlis léirithe arb é is aidhm di forálacha na Cairte a shoileáiriú.

BROLLACH

Tá sé beartaithe ag pobail na hEorpa, trí aontas níos buandlúithe fós a chruthú eatarthu, todhchaí shíochánta arna fothú ar chomhluachanna a roinnt.

Ós feasach dó an oidhreacht spioradálta, mhorálta atá aige, tá an tAontas fothaithe ar luachanna dodhealaithe uilechoiteanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíocha; tá sé bunaithe ar phrionsabail an daonlathais agus an smachta reachta. Cuireann sé an duine i gceartlár a ghníomhaíochtaí trí shaoránacht Aontais a chur ar bun agus trí limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú.

¹ Airteagal II-111 agus Airteagal II-112 den Bhunreacht.

Rannchuidíonn an tAontas leis na comhluachanna sin a chaomhnú agus a fhorbairt agus urraim á tabhairt aige d'éagsúlacht chultúir agus thraigisiún phobail na hEorpa, d'fhéiniúlacht náisiúnta na mBallstát agus d'eagrúchán a n-údarás poiblí ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal áitiúil; féachann sé le forbairt chothromúil inbhuanaithe a chur chun cinn agus áirithíonn sé saorghluaiseacht daoine, seirbhísí, earraí agus caipítíl, agus saoirse bunaíochta.

Chuige sin, is gá cosaint na gceart bunúsach a neartú i bhfianaise an fhoráis sa tsochaí, an dul chun chinn sóisialta agus forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha trí na cearta sin a dhéanamh níos sofheicthe i gCairt.

Athdhaingníonn an Chairt seo, ag féachaint go cuí do chumhachtaí agus do chúramí an Aontais agus do phrionsabal na coimhdeachta, na cearta a leanann ach go háirithe as na traidisiúin bhunreachtúla agus as na hoibleagáidí idirnáisiúnta is coiteann do na Ballstáit, as an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, as na Cairteanna Sóisialta arna nglacadh ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa, agus as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh cúirteanna an Aontais agus na mBallstát an Chairt a léiriú le haird chuí ar na míniúcháin arna n-ullmhú faoi údarás Praesidium an Choinbhinsiúin a dhréachtaigh an Chairt agus arna dtabhairt suas chun dáta faoi fhreagracht Praesidium an Choinbhinsiúin Eorpaigh.

Tá freagrachtaí agus dualgais i dtaca le daoine eile, leis an bpobal daonna agus leis na glúnta atá le teacht ag gabháil le teachtadh na gceart sin.

Dá dheasca sin, aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach anseo thíos.

TEIDEAL I

DÍNIT

AIRTEAGAL 1¹

Dínit an duine

Tá dínit an duine dosháraithe. Ní mór an dínit sin a urramú agus a chosaint.

Míniú

Ceart bunúsach ann féin is ea dínit an duine; ní hé amháin sin ach is í is bonn, dáiríre, do na cearta bunúsacha. Rinneadh dínit an duine a chumhdach i 1948 i mbrollach an Dearbhaile Uilechoitinn um Chearta an Duine: " ... de bhrí go bhfuil aitheantas ar an dínit inghreamaithe agus ar na cearta comhionanna dosháraithe atá ag gach duine sa teaghlaigh daonna mar bhunús leis an tsaoirse, leis an gceartas agus leis an tsíocháin sa chruinne. "Sa bhreithiúnas a thug sí an 9 Deireadh Fómhair 2001 i gcás C-377/98 an Ísiltír v. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, 2001 ECR 7079, i bhforais Uimh. 70 - 77, dhaingnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur cuid de dhlí an Aontais ceart bunúsach an duine chun a dhínite.

Fágann sin nach féidir úsáid a bhaint as aon cheann de na cearta a leagtar síos sa Chairt seo chun dochar a dhéanamh do dhínit duine eile, agus gur cuid de shubstaint na gceart a leagtar síos sa Chairt seo í dínit an duine. Ní mór, dá bhrí sin, í a urramú, fiú amháin agus srian á chur ar cheart.

¹ Airteagal II-61 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 2¹

Ceart chun beatha

1. Tá ag gach duine an ceart chun beatha.
2. Ní féidir duine a dhaoradh chun pionós an bháis ná a chur chun báis.

Míniú

1. Tá mír 1 den Airteagal seo bunaithe ar an gcéad abairt d'Airteagal 2(1) de CECD ar mar seo a leanas atá:
 - "1. Cosnóidh an dlí ceart gach uile dhuine chun a bheo..."
2. Cuireadh as ionad an dara habairt den fhoráil, ina ndearnadh tagairt do phionós an bháis, ar theacht i bhfeidhm d'Airteagal 1 de Phrótacl Uimh. 6 a ghabhann le CECD ar mar seo a leanas atá:

"Déantar an bhreith bháis a dhíothú. Ní dhaorfar aon duine chun báis ná ní chuirfear aon duine chun báis."

Tá Airteagal 2(2) den Chairt bunaithe ar an bhforáil sin.²
3. Freagraíonn forálacha Airteagal 2¹ den Chairt do na hAirteagail thuasluaite de CECD agus dá Phrótacl. Is ionann brí agus raon feidhme dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt³. Ní mór a mheas, dá bhrí sin, gur cuid den Chairt freisin iad na sainmhínithe "diúltacha" atá in CECD:

¹ Airteagal II-62 den Bhunreacht.

² Airteagal II-62(2) den Bhunreacht.

³ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

(a) Airteagal 2(2) de CECD:

"Ní mheasfar gur sárú ar an Airteagal seo bás d'imirt ar dhuine trí fhorneart d'úsáid nach mó ná mar is dianghá:

- (a) chun aon duine a chosaint ar fhóréigean neamhdhleathach;
 - (b) chun duine a ghabháil go dhleathach nó duine faoi choinneáil dhleathach a chosc ar éalú;
 - (c) chun gníomh dleathach a dhéanamh d'fhoínn ciréib nó eirí amach a chur faoi chois."
- (b) Airteagal 2 de Phrótacl Uimh. 6 a ghabhann le CECD:

"Féadfaidh Stát an bhreith bháis a fhoráil ina reachtaíocht i leith gníomhartha arna ndéanamh tráth cogaidh nó tráth garbhagairt cogaidh; ní chuirfear an bhreith sin i bhfeidhm ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear sa reachtaíocht sin agus i gcomhréir leis na forálacha ann ...".

AIRTEAGAL 3¹

An ceart chun ionláine an duine

1. Tá ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a ionláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach.

¹ Airteagal II-63 den Bhunreacht.

2. I réimsí na míochaine agus na bitheolaíochta, ní mór na nithe seo a leanas go háirithe a urramú:

- (a) toiliú saor feasach an duine i dtrácht, de réir nósanna imeachta atá leagtha síos le dlí;
- (b) toirmeasc ar chleachtais dea-ghinice, go háirithe na cleachtais sin arb é is aidhm dóibh daoine a roghnú;
- (c) toirmeasc ar fhoinse bhrabúis a dhéanamh den chorp daonna agus de bhaill den chorp, ina gcáil mar chorp agus mar bhaill den chorp;
- (d) toirmeasc ar chlónáil táirgeach daoine.

Míniú

1. Sa bhreithiúnas a thug sí an 9 Deireadh Fómhair 2001 i gcás C-377/98 an Ísiltír v. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, 2001 ECR 7079, forais Uimh. 70, 78 - 80, dhaingnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur cuid de dhlí an Aontais ceart bunúsach an duine chun a iomláine agus go gcuimsíonn sé, i gcomhthéacs na míochaine agus na bitheolaíochta, saorthoiliú feasach an deontóra agus an fhaigheora.

2. Tá prionsabail Airteagal 3 den Chait 1 san áireamh cheana féin sa Choinbhinsiún um Chearta an Duine agus an Bhithmhíochaine, arna ghlacadh ag Comhairle na hEorpa (ETS 164 agus protácal breise ETS 168). Níl sé d'aidhm ag an gCairt imeacht ó na prionsabail sin agus ní thoirmiscear dá bhrí sin ach an chlónáil atáirgeach. Ní údaraítear ná ní thoirmiscear foirmeacha eile clónála. Ní choisceann sí mar sin, beag ná mór, ar an reachtas saghsanna eile clónála a thoirmeasc.

¹ Airteagal II-63 den Bhunreacht.

3. An tagairt do chleachtais dea-ghinice, go háirithe na cleachtais sin arb é is aidhm dóibh daoine a roghnú, baineann sí leis na hócáidí sin a d'fhéadfadh a bheith ann ina ndéantar cláir roghnaithe a eagrú agus a chur chun feidhme, a chuimsíonn feachtas aimridithe, an toircheas éigeantach, cleamhnais eitneacha éigeantacha, gan ach iad a lua; gníomhartha iad uile a meastar gur cionta idirnáisiúnta iad i Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta arna ghlacadh sa Róimh an 17 Iúil 1998 (féach Airteagal 7(1)(g) de).

AIRTEAGAL 4¹

Toirméasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach

Ní dhéanfar céastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhonna nó táireach ar aon duine.

Míniú

Is é an ceart atá i gceist in Airteagal 4¹ an ceart a ráthaítear in Airteagal 3 de CECD, agus is ionann an fhocláiocht ann: "Ní dhéanfar céastóireacht ar dhuine ar bith ná cóir ná píonós mídhonna nó táirchéimneach a chur air." De bhua Airteagal 52(3) den Chairt², is ionann brí agus raon dó agus don Airteagal in CECD.

AIRTEAGAL 5³

Toirméasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe

1. Ní dhéanfar aon duine a choimeád faoi sclábhaíocht nó faoi dhaoirse.

¹ Airteagal II-64 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

³ Airteagal II-65 den Bhunreacht.

2. Ní dhéanfar iallach a chur ar aon duine saothar éiginthe nó éigeantach a dhéanamh.
3. Toirmisctear an gháinneáil ar dhaoine.

Míniú

1. Freagraíonn an ceart atá in Airteagal 5(1) agus (2)¹ d'Airteagal 4(1) agus (2) de CECD, a bhfuil an fhoclaíocht chéanna ann. Mar sin, is ionann brí agus raon feidhme dó agus don Airteagal in CECD, de bhua Airteagal 52(3) den Chairt². Dá bharr sin:
 - ní dhéanfaidh aon teorannú difear go dlísteánach don cheart dá bhforáiltear i mír 1;
 - ní mór féachaint do na sainmhínithe diúltacha atá in Airteagal 4(3) de CECD agus brí á baint as an nath "saothar éiginthe nó éigeantach" i mír 2:

"Chun críche an Airteagail seo ní áireofar mar "obair ainneonach nó éigeantach":

- (a) aon obair a chuirfear faoi dear a dhéanamh i ghnáthchúrsa coinneála a bheas curtha ar dhuine de réir fhorálacha Airteagal 5 den Choinbhinsiún seo nó le linn duine a bheith ar saorise choinníollach ón gcoinneáil sin;
- (b) aon seirbhís de ghné mhíleata nó, i gcás agóideoirí coinsiasacha i dtíortha a dtugtar aithint dóibh sin, seirbhís a ordaítear in ionad seirbhíse míleata éigeantaí;

¹ Airteagal II-65 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

- (c) aon seirbhís a ordaítear i gcás eigeandáil nó anachain a bheith ag bagairt bhascadh nó aimhleas an phobail;
 - (d) aon obair nó seirbhís is cuid de ghnáthdhualgais saoránaigh."
2. Eascaíonn mír 3 go díreach ó dhínit an duine agus cuirtear san áireamh sa mhír seo na forbairtí is déanaí sa choireacht eagraithe, eagrú na hinimirce neamhdlíthiúla brabúsaí, mar shampla, nó gréasáin um dhúshaothrú gnéasach. San Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Europol, tá an sainmhíniú seo a leanas ina dtagraítear don gháinneáil ar mhaithleis an dúshaothrú gnéasach : "ciallaíonn 'ceannaíocht i ndaoine' duine a chur faoi smacht iarbhír agus neamhdhleathach daoine eile trí fhóréigean nó bagairtí a úsáid nó trí ghaol údaráis a mhí-úsáid nó trí inlíochtaí d'fhoinn gabháil le dúshaothrú meirdreachais, foirmeacha dúshaothraithe chollaí agus ionsaí ar mhionaoisigh nó tráchtáil i ndáil le leanáí a thréigean". I gCaibidil VI den Choinbhinsiún ag cur Chomhaontú Schengen chun feidhme, coinbhinsiún atá lánpháirithe in *acquis* an Aontais, a bhfuil an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach ann, tá an fhocláíocht seo a leanas in Airteagal 27(1) ina dtagraítear do ghréasáin inimirce neamhdhleathaí: "Gabhann na Páirtithe Conarthacha ar láimh pionóis iomchuí a fhorchur ar aon duine a chuidíonn nó a fhéachann le cuidíú, ar mhaithle le brabús, le heachtrannach teacht isteach nó fanacht ar chríoch Páirtí Chonarthaigh de shárú ar dhlíthe an Pháirtí Chonarthaigh sin maidir le heachtrannaigh teacht isteach agus fanacht." An 19 Iúil 2002, ghlac an Chomhairle cinneadh réime maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac (IO L 203/1) agus sainmhínítear in Airteagal 1 de na cionta atá i gceist leis an ngáinneáil ar dhaoine ar mhaithle leis an dúshaothrú oibre nó leis an teacht i dtír gnéasach, cionta a gcaithfidh na Ballstáit cionta inphionóis a dhéanamh díobh de bhua an chinnidh réime sin.

TEIDEAL II

SAOIRSÍ

AIRTEAGAL 6¹

An ceart chun saoirse agus slándála

Tá ag gach duine an ceart chun saoirse agus slándála pearsan.

Míniú

Is iad na cearta atá in Airteagal 6¹ na cearta a ráthaítar in Airteagal 5 de CECD agus, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt², is ionann brí agus raon feidhme dóibh. Dá bhrí sin, ní fhéadfar níos mó de theorainneacha a chur go dlisteanach leo ná na teorainneacha a cheadaítear in CECD, mar atá in Airteagal 5:

"1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse agus slándála a phearsan. Ní bhainfear a shaoirse d'aon duine ach amháin sna cásanna seo a leanas agus de réir nós imeachta a bheas ordaithe leis an dlí:

- (a) duine a choinnneáil go dleathach tar éis é a chiontú ag cúirt inniúil;
- (b) duine a ghabháil nó a choinnneáil go dleathach toisc gan é do dhéanamh de réir orduithe dhleathaigh chuirte nó chun a chur faoi dear go gcomhlíonfar aon oibleagáid a bheas ordaithe leis an dlí;

¹ Airteagal II-66 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

- (c) duine a ghabháil nó a choinneáil go dleathach chun é a thabhairt os comhair an údaráis dhlíthiúil inniúil as amhras réasúnach go bhfuil sé tar éis cion a dhéanamh nó nuair a mheasfar go réasúnach gur gá sin chun é a chosc ó chion a dhéanamh nó ó theitheadh i ndiaidh cion a dhéanamh;
 - (d) mionaoiseach a choinneáil le hordú dleathach chun maoirsiú a dhéanamh ar a chuid oideachais nó é a choinneáil go dleathach chun é a thabhairt os comhair an údaráis dhlíthiúil inniúil;
 - (e) daoine a choinneáil go dleathach chun galair tógálach a chosc ó leathadh agus daoine mímheabhracha, anphótairí, andúiligh i ndruganna, nó fuadairí a choinneáil amhlaidh;
 - (f) duine a ghabháil nó a choinneáil go dleathach chun é a chosc ó theacht isteach gan údarás sa tír, nó duine a ghabháil nó a choinneáil amhlaidh a bhfuil beart á thionscnamh ina choinne d'fhonn é d'ionarbadh nó d'eiseachadadh.
2. Gach uile dhuine a ghabhfar, cuirfear in iúl dó gan mhoill, i dteanga a thuigfeas sé, na cúiseanna ar gabhadh é agus aon chuíseamh atátar a chur ina leith.
3. Gach uile dhuine a ghabhfar nó a choinneofar do réir fhorálacha mhír 1(c) den Airteagal seo, tabharfar gan mhoill é os comhair breithimh nó oifigigh eile ag a bhfuil údarás ón dlí chun cumhacht bhreithiúnach d'fheidhmiú agus beidh sé i dteideal go dttrialfí é laistigh d'am réasúnach nó go saorfaí é ag feitheamh ar a thriail. Féadfar coinníoll a chur lena shaoradh go dtabharfaidh sé ráthaíocht go láithreoidh chun a thriala.
4. Gach uile dhuine a mbainfear a shaoirse de trína ghabháil nó trína choinneáil beidh sé i dteideal imeachta a thionscnamh trína gcinnfidh cúirt go haibéil dlisteanas a choinneála trína n-ordófar é a shaoradh mura dleathach é a choinneáil.

5. Gach uile dhuine a ndéanfar gabháil nó coinneáil air contrártha d'fhorálacha an Airteagail seo, beidh aige ceart, is féidir a chur a bhfeidhm, chun cúiteamh d'fháil."

Ní mór na cearta atá cumhdaithe in Airteagal 6¹ a urramú, go háirithe nuair a bheidh dlíthe agus dlíthe réime á nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, ar bhonn Airteagail III-270, III-271 agus III-273 den Bhunreacht, go háirithe chun na forálacha íosta coiteanna a shainmhíniú maidir le cionta agus pionóis a aicmiú agus maidir le gnéithe áirithe den dlí nós imeachta.

AIRTEAGAL 7²

Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh

Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus saol a theaghlaigh nó a teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.

Míniú

Freagraíonn na cearta a ráthaítar in Airteagal 7² do na cearta a ráthaítar in Airteagal 8 de CECD. Chun forbairtí sa teicneolaíocht a chur san áireamh, tá an focal "cumarsáid" curtha isteach in ionad an fhocail "comhfhareagras".

¹ Airteagal II-66 den Bhunreacht.

² Airteagal II-67 den Bhunreacht.

I gcomhréir le hAirteagal 52(3)¹ is ionann brí agus raon feidhme dó agus don Airteagal comhfhereagrach in CECD. Dá dheasca sin, is ionann na teorainneacha a fhéadfar a fhochur go dlisteanach leis an gceart seo agus na teorainneacha a cheadaítear le hAirteagal 8 de CECD.

"1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun go mba slán dó a shaol príobháideach agus saol a theaghlaigh, a ionad cónaithe agus a chomhfhereagras.

2. Ní chuirfidh aon údaras poiblí isteach ar fheidhmiú an chirt seo, ach sa mhéid go mbeidh sin de réir an dlí agus riachtanach i ndaonlathas ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, le sábháilteacht an phobail nó le leas eacnamaíoch na tíre, chun anord nó coiriúlacht a chosca, chun sláinte nó mórlágtacht a chosaint nó chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint."

AIRTEAGAL 8²

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

2. Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoiliú an duine i dtrácht no ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí atá bailithe agus a bhaineann leis nó léi, agus an ceart go ndéanfar na sonraí sin a cheartú.

3. Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi réir a rialaithe ag údarás neamhspleáach.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

² Airteagal II-68 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 286 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus ar Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995), agus freisin ar Airteagal 8 de CECD agus ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 um Chosaint Daoine Aonair maidir le hUathphróiseáil Sonraí Pearsanta, atá daingnithe ag na Ballstáit uile. Gabhann Airteagal I-51 den Bhunreacht ionad Airteagal 286 de Chonradh CEanois. Tagraítéar freisin do Rialachán Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine aonair a chosaint, maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí Comhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001). Tá coinníollacha agus teorainneacha sa Treoir agus sa Rialachán thuasluaite maidir le feidhmiú an chirt chun sonraí pearsanta a chosaint.

AIRTEAGAL 9¹

An ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlaigh a bhunú

Déanfar an ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlaigh a bhunú a ráthú i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítéar feidhmiú na gceart sin.

¹ Airteagal II-69 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 12 de CECD ar mar seo a leanas atá: "Ar aois in-nuachair a shlánú dóibh tá ag fir agus ag mná an ceart chun pósadh and teaghlaigh a bhunú, de réir na ndlíthe náisiúnta a bhaineas le feidhmiú an chirt sin." Cuireadh cruth na haimsire seo ar fhocláiocht an Airteagail chun go gclúdódh sé cásanna ina n-aithníonn an reachtaíocht náisiúnta socraíochtaí eile seachas an pósadh le haghaidh teaghlaigh a bhunú. Ní thoirmisceann ná ní fhorchuireann an tAirteagal seo stádas an phósta a dheonú d'aontais idir dhaoine den ghnéas céanna. Tá cosúlacht ag an gceart seo, dá bhrí sin, leis an gceart a dheonaítear in CECD, ach féadfaidh raon feidhme níos leithne a bheith aige nuair a fhoráiltear amhlaidh le reachtaíocht náisiúnta.

AIRTEAGAL 10¹

Saoirse smaoininmh, coinsiasa agus reiligiúin

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoininmh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá ar áireamh sa cheart sin saoirse chun reiligiún nó creideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhluadar le daoine eile agus go poiblí nó go príobháideach, reiligiún nó creideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasgnátha.
2. Aithnítear an ceart chun agóid choinsiasach a dhéanamh i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú an chirt sin.

¹ Airteagal II-70 den Bhunreacht.

Míniú

Freagraíonn an ceart a ráthaítar i mír 1 don cheart a ráthaítar in Airteagal 9 de CECD agus, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt¹ is ionann an raon feidhme atá aige agus atá ag an Airteagal sin. Ní mór dá bhrí sin do theorainneacha leis an gceart sin Airteagal 9(2) den Choinbhinsiún a urramú ar mar a leanas atá: "Ní bheidh de shrian ar shaoirse duine chun a chreideamh nó a dheimhne d'fhoilsíú ach pé srian a ordófar le dlí agus is gá i ndaonlathas ar mhaithe le slándáil an phobail, chun an t-ord poiblí, an tsláinte nó an mhoráltacht a chosaint, nó chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint."

Freagraíonn an ceart a ráthaítar i mír 2 do na traidisiúin bhunreachtúla náisiúnta agus don fhorbairt atá tagtha ar an reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gceist seo.

AIRTEAGAL 11²

Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil

1. Tá ag gach duine an ceart chun tuairimí a nochtadh. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.
2. Déanfar saoirse agus iolrachas na meán a urramú.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

² Airteagal II-71 den Bhunreacht.

Míniú

1. Freagraíonn Airteagal 11¹ d'Airteagal 10 den Chonbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ar mar seo a leanas atá:

- "1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime. Áirítéar sa cheart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag duine agus chun eolas agus smaointe a ghlacadh agus a leathadh gan aon bhac ón údarás poiblí agus gan aird ar chríochtheoranta. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo aon Stát a chosc óna chur faoi dear go ghnóthais forleatha, chianamharcaíochta nó chineama ceadúnais a bheith acu.
2. Ós rud é go bhfuil dualgais agus mortabháil ag gabháil le feidhmiú na saoirsí sin, is cead go mbeadh a bhfeidhmiú faoi réir pé foirmiúlachtaí, coinníollacha, srianta nó pionós a bheas ordaithe le dlí agus is gá i ndaonlathas, ar mhaithe leis an tszlándáil náisiúnta, le comhláine chríocha an Stáit nó le sábháilteacht an phobail, chun anord nó coiriúlacht a chosc, chun an tsláinte nó an mhoráltacht a chosaint, chun clú nó cearta daoine eile a chosaint, chun cosc a chur le scéitheadh aon eolais a gheofar i modh rúin, nó chun údarás agus neamhchlaontacht breithiúna a chumhdach."

De bhun Airteagal 52(3) den Chairt² is ionann brí agus raon feidhme don cheart seo agus don cheart a ráthaítear in CECD. Ní fhéadfar, mar sin, níos mó de theorainneacha a chur go dlisteanach leis ná na theorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 10(2) den Choibhinsiún, gan dochar d'aon srianta a fhéadfar a fhorchur le dlí iomaíochta an Aontais ar cheart na mBallstát na socruite maidir le ceadúnais dá dtagraítear sa tríú habairt d'Airteagal 10(1) de CECD a thabhairt isteach.

¹ Airteagal II-71 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

2. Léiríonn mór 2 den Airteagal seo go soiléir iarmhairtí mhír 1 maidir le saoirse na meán. Tá sé bunaithe ach go háirithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir leis an teilifís, go háirithe sa chás C-288/89 (breithiúnas an 25 Iúil 1991, Stichting Collectieve Antennevoorziening Gouda e.a. [1991] ECR I-4007), agus ar an bPrótacal maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit atá i gceangan le Conradh CE agus atá anois i gceangan leis an mBunreacht, agus ar Threoir 89/552/CE (go háirithe an seachtú réamhaithris déag de).

AIRTEAGAL 12¹

Saoirse comhthionól agus comhlachais

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionól shíochánta agus chun saoirse comhlachais ar gach leibhéal, go háirithe in ábhair pholaitiúla, ceardchumainn agus sibhialta, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ag gach duine an ceart chun ceardchumainn a chur ar bun agus an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumann chun a leasanna a chosaint.
2. Rannchuidíonn na páirtithe polaitiúla ar leibhéal Aontais chun toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.

¹ Airteagal II-72 den Bhunreacht.

Míniú

Freagraíonn mír 1 den Airteagal seo d'Airteagal 11 de CECD ar mar seo a leanas atá:

- "1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse a bheith aige teacht ar tionól agus gabháil le comhlachas go sítheoilte, lena n-áirítéar an ceart chun ceardchumainn a bhunú agus gabháil le ceardchumainn chun a leasa a chosaint.
2. Ní chuirfear aon srian le feidhmiú na gceart sin seachas pé srian a bheas ordaithe le dlí agus is gá i ndaonlathas ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta nó le sábháilteacht an phobail, nó chun anord nó coiriúlacht a chosc, nó chun an tsláinte nó an mhoráltacht a chosaint nó chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Ní choiscfidh an tAirteagal seo srianta dleathacha a chur ar fheidhmiú na gceart sin ag comhaltaí de na fórsaí armtha, de na pólíní, nó de lucht riarracháin an Stáit."

Is ionann an bhrí atá le forálacha mhír 1 agus an bhrí atá le CECD ach is forleithne a raon feidhme toisc go bhfuil feidhm acu ar gach uile leibhéal, lena n-áirítéar an leibhéal Eorpach. I gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt¹, ní fhéadfar níos mó de theorainneacha a chur leis an gceart sin ná na theorainneacha a mheastar a bheith dlisteanach de bhua Airteagal 11(2) de CECD.

2. Tá an ceart seo bunaithe freisin ar Airteagal 11 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

3. Freagraíonn mír 2 den Airteagal seo d'Airteagal I-46(4) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 13¹

Saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí

Beidh na healaíona agus an taighde eolaíoch saor ó shriantacht. Déanfar an tsaoirse acadúil a urramú.

Míniú

Fionntar an ceart seo go príomha ón gceart chun saoirse smaoininmh agus chun tuairimí a nochtadh. Tá sé le feidhmiú ag féachaint d'Airteagal 1² agus féadfar é a chur faoi réir na dteorainneacha a údaraítear le hAirteagal 10 de CECD.

AIRTEAGAL 14³

An ceart chun oideachais

1. Tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint agus ar oiliúint leanúnach.
2. Folaíonn an ceart sin an chaoi chun saoroideachas éigeantach a fháil.

¹ Airteagal II-73 den Bhunreacht.

² Airteagal II-61 den Bhunreacht.

³ Airteagal II-74 den Bhunreacht.

3. Déanfar an tsaoirse chun forais oideachasúla a chur ar bun le hurraim chuí do phrionsabail dhaonlathacha agus do cheart tuismitheoirí chun a áirithiú go ndéantar a leanáí a oiliúint agus a theagasc i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fealsúnacha agus oideolaíocha a urramú, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítar feidhmiú na saoirse agus na gceart sin.

Míniú

1. Tá an ceart seo bunaithe ar chomhthraidsúin bhunreachtúla na mBallstát agus ar Airteagal 2 den Phrótacal a ghabhann le CECD ar mar seo a leanas atá:

"Ní dhiúltófar d'aon duine an ceart chun oideachais. Nuair a bheas sé ag feidhmiú aon fheidhmeanna dá ngabhfaidh sé chuige maidir leis an oideachas agus leis an teagasc, bhéarfaidh an Stát urraim do cheart tuismitheoirí chun a áirithiú go mbeidh an t-oideachas agus an teagasc sin i gcomhréir lena ndeimhní creidimh agus fealsúnachta féin."

Measadh gur mhaith an rud é réim an Airteagail seo a leathnú ionas go mbainfeadh sé leis an rochtain ar an ngairmoiliúint agus ar an oiliúint leanúnach (féach pointe 15 den Chairt Chomhphobail um Chearta Bunúsacha Sóisialta le haghaidh Oibrithe agus Airteagal 10 den Chairt Shóisialta), agus prionsabal an tsaoroideachais éigeantaigh a chur isteach ann freisin. An chaoi a bhfuil an fhocláiocht, níl ann ach go bhfuil sé le tuiscint ón bprionsabal seo, fad a bhaineann leis an saoroideachas éigeantach, go mbeidh sé de dheis ag gach uile leanbh freastal ar phoras ina dtairgtear saoroideachas. Ní chuireann sé de cheangal ar gach foras ina gcuirtear oideachas nó gairmoiliúint nó oiliúint leanúnach ar fáil, go háirithe forais phríobháideacha, é seo a dhéanamh saor in aisce. Ní fhágann sé ach an oiread nach gcaithfear íoc as sainfhoirmeacha áirithe oideachais má ghlacann an Stát bearta arb é is aidhm dóibh cúiteamh airgeadais a dheonú. A mhéid atá feidhm ag an gCairt maidir leis an Aontas, ciallaíonn sé seo nach mór don Aontas an saoroideachas éigeantach a urramú ina bheartais oiliúna ach, ar ndóigh, ní chruthaíonn sé seo aon chumhachtaí nua. Maidir le ceart tuismitheoirí, ní mór é a léiriú i dteannta phorálacha Airteagal 24¹.

¹ Airteagal II-84 den Bhunreacht.

2. Maidir leis an tsaoirse chun forais oideachasúla phoiblí nó phríobháideacha a bhunú, déantar í a ráthú mar ghné de ghnéithe den tsaoirse chun gnó a sheoladh ach tá teorainn léi toisc na hurraime do phrionsabail dhaonlathacha agus déantar í a fheidhmiú i gcomhréir leis na socruithe arna sainiú leis an reachtaíocht náisiúnta.

AIRTEAGAL 15¹

Saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh

1. Tá ag gach duine an ceart chun obair a dhéanamh agus gabháil do shlí bheatha atá roghnaithe nó glactha go saorálach aige nó aici.
2. Tá ag gach saoránach den Aontas an tsaoirse chun festaíocht a lorg, chun obair a dhéanamh, agus chun an ceart chun gnóthas a chur ar bun agus seirbhísí a sholáthar nó a fháil in aon Bhallstát a fheidhmiú.
3. Tá náisiúnaigh tríú tíortha atá údaraithe chun obair a dhéanamh ar chríoch na mBallstát i dteideal dálaí oibre a bheith acu atá coibhéiseach leis na dálaí oibre atá ag saoránaigh an Aontais.

Míniú

Aithnítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais an tsaoirse chun gairm a roghnú, mar atá cumhdaithe in Airteagal 15¹ (féach inter alia breithiúnas an 14 Bealtaine 1974, Cás 4/73 Nold [1974] ECR, míreanna 12 go 14 de na forais; breithiúnas an 13 Nollaig 1979, Cás 44/79 Hauer [1979] ECR 3727; breithiúnas an 8 Deireadh Fómhair 1986, Cás 234/85 Keller [1986] ECR 2987, mír 8 de na forais).

¹ Airteagal II-75 den Bhunreacht.

Tarraingítear sa mhír seo freisin ar Airteagal 1(2) de Chairt Shóisialta na hEorpa a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus atá daingnithe ag na Ballstáit uile, agus ar phointe 4 de Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe an 9 Nollaig 1989. Tá an téarma "dálaí oibre" le tuiscint de réir bhrí Airteagal III-213 den Bhunreacht.

Déileálann mír 2 leis na trí shaoirse a ráthaítear in Airteagail I-4 agus III-133, III-137 agus III-144 den Bhunreacht, eadhon, saorghluaiseacht d'oibrithe, saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Tá mír 3 bunaithe ar an gceathrú fleasc d'Airteagal 137(3) de CCE a bhfuil Airteagal III-210(1)(g) den Bhunreacht curtha ina ionadanois, agus ar Airteagal 19(4) den Chairt Shóisialta Eorpach a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus a dhaingnigh na Ballstáit uile. Dá bhrí sin, tá Airteagal 52(2) den Chairt¹ infheidhme. Maidir le mairnéalaigh a bhfuil náisiúntacht tríú Stáit acu a earcú ar chriúnna bád atá faoi bhratach Ballstáit den Aontas, tá an cheist sin á rialú ag dlí an Aontais agus ag an reachtaíocht agus ag an gcleachtas náisiúnta.

AIRTEAGAL 16²

Saoirse chun gnó a sheoladh

Aithnítear an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

¹ Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

² Airteagal II-76 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais inar aithníodh an tsaoirse chun gníomhaíocht eacnamaíochta nó thráchtala a fheidhmiú (féach breithiúnais an 14 Bealtaine 1974, Cás 4/73, Nold [1974] ECR 491, mír 14 de na forais; agus an 27 Meán Fómhair 1979, Cás 230-78 SPA Eridiana agus eile [1979] ECR 2749, míreanna 20 agus 31 de na forais agus an tsaoirse chonarthach (féach inter alia Sukkerfabriken Nykøbing , Cás 151/78 [1979] ECR 11, mír 19 de na forais, agus breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1999, C-240/97 An Spáinn v. an Coimisiún, [1999] ECR I-6571, mír 99 de na forais), agus Airteagal I-3(2) den Bhunreacht ina n-aithnítear an tsaoromaíocht. Ar ndóigh, tá an ceart seo le feidhmiú agus urraim á tabhairt do dhlí an Aontais agus don reachtaíocht náisiúnta. Féadfar é a chur faoi réir na dteorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 52(1) den Chait 1.

AIRTEAGAL 17²

An ceart chun maoine

1. Tá ag gach duine an ceart chun a shealúchais nó a sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní fhéadfar a shealúchais nó a sealúchais a cheilt ar dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí, ach sin faoi réir cúiteamh cóir a íoc in am trátha mar chomaoín ar chailleadh na sealúchas sin. Féadfar úsáid maoine a rialáil le dlí a mhéad is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta.
2. Déanfar an mhaoin intleachtúil a chosaint.

¹ Airteagal II-112(1) den Bhunreacht.

² Airteagal II-77 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 1 den Phrótacal a ghabhann le CECD:

"Tá gach duine aiceanta nó duine dlíthiúil i dteideal a shealús a theachtadh go sítheoilte. Ní bhainfear a shealús d'aon duine ach amháin ar mhaithe le leas an phobail agus faoi réir na gcoinníollacha a fhoráiltear leis an dlí agus le buntreoracha ginearálta an dlí idirnáisiúnta.

Ní bhainfidh na forálacha réamhráite in aon tslí, áfach, ó cheart Stáit chun pé dlíthe is gá leis a chur i bhfeidhm d'fhonn úsáid maoine a rialú ar mhaithe leis an leas coiteann nó d'fhonn a dheimhniú go n-íocfar cánacha nó sraitheanna eile nó pionóis."

Is ceart bunúsach é seo is coiteann do gach bunreacht náisiúnta. Is iomaí uair a aithníodh i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais é, agus is i mbreithiúnas Hauer a aithníodh den chéad uair é (13 Nollaig 1979, ECR [1979] 3727). Cuireadh cruth na haimsire seo ar an bhfoclaíocht ó shin ach, i gcomhréir le hAirteagal 52(3)¹, is ionann brí agus raon feidhme don cheart seo agus don cheart a ráthaítear in CECD agus ní fhéadfarr níos mó de theorainneacha a chur leis ná na teorainneacha dá bhforáiltear ansin.

Déantar cosaint na maoine intleachtúla, gné amháin den cheart chun maoine, a lua go sonrach i mír 2 mar gur ag dul i méid atá an tábhacht a bhaineann léi agus toisc reachtaíochta thánaisteach an Chomhphobail. Folaíonn an mhaoin intleachtúil an mhaoin liteartha agus ealaíne; folaíonn sí freisin inter alia an ceart chun paitinne agus trádmharcanna agus cearta gaolmhara. Na ráthaíochtaí dá bhforáiltear i mír 1, beidh feidhm mar is iomchuí acu maidir leis an maoin intleachtúil.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 18¹

An ceart chun tearmainn

Ráthófar an ceart chun tearmainn agus urraim chuí á tabhairt do rialacha Choinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus Phrótacal an 31 Eanáir 1967 a bhaineann le stádas dídeanaithe agus i gcomhréir leis an mBunreacht.

Míniú

Tá téacs an Airteagail bunaithe ar Airteagal 63 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-266 den Bhunreacht curtha ina ionad anois, a chuireann de cheangal ar an Aontas Coinbhinsiún na Ginéive maidir le dídeanaithe a urramú. Ba chóir tagairt a dhéanamh do na Prótacail a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn atá i gceangal [le Conradh Amstardam] leis an mBunreacht agus leis an Danmhairg d'fhoinn a chinneadh a mhéid a dhéanann na Ballstáit sin dlí an Aontais sa réimse seo a chur chun feidhme agus a mhéid atá an tAirteagal seo infheidhme maidir leo. Tá an tAirteagal seo ag teacht leis an bPrótacal maidir le tearmann atá i gceangal leis an mBunreacht.

AIRTEAGAL 19²

Cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú, díbirt nó eiseachadadh

1. Toirmiscfear díbirtí comhchoiteanna.

¹ Airteagal II-78 den Bhunreacht.

² Airteagal II-79 den Bhunreacht.

2. Ní fhéadfar aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhonna nó táireach a chur air nó uirthi.

Míniú

Is ionann brí agus raon feidhme do mhír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 4 a ghabhann le CECD maidir leis an díbirt chomhchoiteann. Is é an cuspóir atá leis a ráthú go bhfuil scrúdú sonrach mar bhunús le gach breith agus nach bhféadfar aon bheart aonair a ghlacadh chun na daoine go léir a bhfuil náisiúntacht Stáit ar leith acu a dhíbirt (féach freisin Airteagal 13 den Chúnant um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla).

Tá cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais um Chearta an Duine maidir le hAirteagal 3 de CECD ar áireamh i mír 2 (féach Ahmed v. an Ostair, breithiúnas an 17 Nollaig 1996, [1996] ECR VI-2206, agus Soering, breithiúnas an 7 Iúil 1989).

TEIDEAL III

COMHIONANNAS

AIRTEAGAL 20¹

Comhionannas os comhair an dlí

Is comhionann gach duine os comhair an dlí.

Míniú

Freagraíonn an tAirteagal seo do phrionsabal ginearálta dlí atá le fáil sna Bunreachtanna Eorpacha go léir agus atá aitheanta freisin ag an gCúirt Breithiúnais mar bhunphrionsabal de dhlí an Chomhphobail (breithiúnas an 13 Samhain 1984, Cás 283/83 Racke [1984] ECR 3791, breithiúnas an 17 Aibreán 1997, Cás 15/95 EARL [1997] ECR I-1961, agus breithiúnas an 13 Aibreán 2000, Cás 292/97 Karlsson [2000] ECR 2737).

AIRTEAGAL 21²

Neamhidirdhealú

1. Toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airónna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

¹ Airteagal II-80 den Bhunreacht.

² Airteagal II-81 den Bhunreacht.

2. Laistigh de raon feidhme an Bhunreachta, agus gan dochar d'aon cheann dá fhorálacha sonracha, toirmiscfear aon idirdhealú ar fhoras náisiúntachta.

Míniú

Tarraingíonn mír 1 ar Airteagal 13 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-124 den Bhunreacht curtha ina ionadanois, ar Airteagal 14 de CECD agus ar Airteagal 11 den Choinbhinsiún um Chearta an Duine agus a Bhithmhíochaine maidir leis an oidhreacht ghéiniteach. A mhéid a fhreagraíonn sí d'Airteagal 14 de CECD, tá sí infheidhme i gcomhréir leis.

Níl mír 1 agus Airteagal III-124 den Bhunreacht contrártha lena chéile ná ní siad ar neamhréir le chéile ná ní hionann an raon feidhme ná an chríoch atá acu: tugann Airteagal III-124 cumhacht don Aontas chun gníomhartha reachtacha a ghlacadh, lena n-áirítear comhchuibhiú ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát, chun cineálacha áirithe idirdhealaithe, a bhfuil liosta iomlán díobh san Airteagal sin, a chomhrac. Féadfaidh reachtaíocht den sórt sin gníomhaíocht údaráis na mBallstát a chlúdach (mar aon leis an gcaidreamh idir dhaoine aonair) in aon réimse faoi theorainn chumhactaí an Aontais. Maidir leis an bhforáil i mír 1, áfach, ní chruthaítear aon chumhacht inti chun dlíthe frith-idirdhealaithe a achtú sna réimsí sin de ghníomhaíocht na mBallstát nó den ghníomhaíocht phríobháideach, ná ní chuireann sí toirmeasc glan ar an idirdhealú sna réimsí móra forleathana sin. Níl ann ach go ndíríonn sí ar an idirdhealú a dhéanann institiúidí agus comhlacthaí an Aontais, agus cumhactaí arna dtabhait dóibh faoi Airteagail eile i gCuid I agus i gCuid III den Bhunreacht á bhfeidhmiú acu, agus ar an idirdhealaú a dhéanann na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Dá bhrí sin, ní chuireann mír 1 aon athrú ar raon feidhme na gcumhactaí a thugtar faoi Airteagal III-124 ná ar an léiriú a dhéantar ar an Airteagal sin.

Freagraíonn mír 2 d'Airteagal I-4(2) den Bhunreacht agus ní mór í a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis.

AIRTEAGAL 22¹

Éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga

Déanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 151(1) agus (4) de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-280(1) agus (4) den Bhunreacht, maidir leis an gcultúr, curtha ina n-ionad anois. Tá an meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga leagtha síos freisin anois in Airteagal I-3(3) den Bhunreacht. Tá an tAirteagal seo á spreagadh freisin ag Dearbhú Uimh. 11 a ghabhann le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Amstardam maidir le stádas eaglaisí agus eagraíochtaí neamhfhaoistiniúla, atá le fáil anois in Airteagal I-52 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 23²

Comhionannas idir mná agus fir

Ní mór an comhionannas idir mná agus fir a áirithíú i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá.

Ní chuirfidh prionsabal an chomhionannais cosc ar bhearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena bhforáiltear do bhuntáistí sonracha i bhfabhar an ghnéis thearcionadaithe.

¹ Airteagal II-82 den Bhunreacht.

² Airteagal II-83 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an chéad mhír bunaithe ar Airteagail 2 agus 3(2) de Conradh CE, a bhfuil Airteagail I-3 agus III-116 den Bhunreacht curtha ina n-ionadanois, ina gcuirtear de cheangal ar an Aontas cothú an chomhionannais idir mná agus fir a bheith mar chuspóir aige. Tá sí bunaithe freisin ar Airteagal 141(1) de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-214(1) den Bhunreacht curtha ina ionadanois. Tarraingíonn sí ar Airteagal 20 de Chairt Shóisialta na hEorpa an 3 Bealtaine 1996 arna hathbhreithniú agus ar phointe 16 den Chairt Chomhphobail um chearta le haghaidh oibrithe.

Tá sé bunaithe freisin ar Airteagal 141(3) de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-214(3) den Bhunreacht curtha ina ionadanois, agus ar Airteagal 2(4) de Threoir 76/207/CEE ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir a chur chun feidhme maidir le rochtain ar an bhfostaíocht, ar an ngairmoiliúint agus ar ardú céime, agus maidir le dálaí oibre (IO L 38, 14.2.1976, lch. 40).

Is leagan giorraithe d'Airteagal III-214(4) den Bhunreacht atá i mír 2 ina bhforáiltear nach gcoisctear le prionsabal na córa comhionainne bearta a choimeád ar bun ná bearta a ghlacadh ina bhforáiltear do bhuntáistí sonracha chun gur fusa don ghnéas tearcionadaithe slí bheatha ghairmiúil a shaothrú nó chun míbhuntáistí gairmréime a chosc nó a chuíteamh. I gcomhréir le hAirteagal 52(2)¹,ní dhéanann an mhír seo leasú ar Airteagal III-214(4).

¹ Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 24¹

Cearta an linbh

1. Beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail. Féadfaidh siad a dtuairimí a nochtadh go saorálach. Cuirfear na tuairimí sin san áireamh i dtaca le hábhair a bhaineann leo i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.
2. I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á glacadh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha,ní mór túis áite a thabhairt do leas an linbh.
3. Beidh ag gach leanbh an ceart chun caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a bheith aige nó aici go trúthrialta lena bheirt nó lena beirt thuismitheoirí mura rud é go bhfuil sé sin contrártha le leasanna an linbh.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Choinbhinsiún Nua-Eabhrac um Chearta an Linbh, a síniódh an 20 Samhain 1989 agus atá daingnithe ag na Ballstáit uile, agus go háirithe ar Airteagail 3, 9, 12 agus 13 de.

Cuirtear san áireamh i mír 3 go bhféadfadh sé, mar chuid de bhunú limistéir shaoirse, shlándála agus cheartais, go n-áireofaí i reachtaíocht an Aontais maidir le hábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, a dtugann Airteagal III-269 den Chaiti cumhachtaí ina leith, cearta cuairte lena gcinntítear go bhféadfaidh leanaí teagmháil phearsanta, dhíreach a bheith acu ar bhonn rialta lena mbeirt tuismitheoirí.

¹ Airteagal II-84 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 25¹

Cearta daoine scothaosta

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas cearta daoine scothaosta chun saol faoi dhínit agus neamhspleáchas a bheith acu agus chun páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus cultúrtha.

Míniú

Tarraingíonn an tAirteagal seo ar Airteagal 23 de Chairt Shóisialta na hEorpa arna hathbhreithniú agus ar Airteagail 24 agus 25 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe. Ar ndóigh, clúdaíonn rannpháirtíocht sa saol sóisialta agus sa saol cultúrtha rannpháirtíocht sa saol polaitiúil freisin.

AIRTEAGAL 26²

Daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas ceart daoine faoi mhíchumas chun tairbhiú de bhearta atá ceaptha chun neamhspleáchas na ndaoine sin, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

Míniú

Tá an prionsabal a leagtar amach san Airteagal seo bunaithe ar Airteagal 15 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus tarraingíonn sé freisin ar phointe 26 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe.

¹ Airteagal II-85 den Bhunreacht.

² Airteagal II-86 den Bhunreacht.

TEIDEAL IV

DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

AIRTEAGAL 27¹

Ceart oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin sa ghnóthas

Ní mór a ráthú go dtabharfar faisnéis d'oirbithe nó dá gcuid ionadaithe agus go ndéanfar comhairliúchán leo, ar gach leibhéal iomchuí agus in am trátha, sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáltear i ndlí an Aontais agus i ndlítthe agus i gcleachtais náisiúnta.

Míniú

Tá an tAirteagal seo le fáil i gCairt Shóisialta na hEorpa arna hathbhreithniú (Airteagal 21) agus sa Chairt Chomhphobail maidir le cearta le haghaidh oibrithe (pointí 17 agus 18). Tá feidhm aige faoi na coinníollacha a leagtar síos le dlí an Aontais agus le dlítthe náisiúnta. An tagairt do leibhéal iomchuí, is tagairt í do na leibhéis a leagtar síos le dlí an Aontais nó le dlítthe nó le cleachtais náisiúnta, agus d'fhéadfadh an leibhéal Eorpach a bheith ar áireamh anseo nuair a fhoráiltear amhlaidh le reachtaíocht an Aontais. Tá *acquis* an Aontais sa réimse seo suntasach: Airteagail III-211 agus III-212 den Bhunreacht, Treoracha 2002/14/CE (creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo), 98/59/CE (iomarcaíochtaí comhchoiteanna), 2001/23/CE (gnóthais a aistriú) agus 94/45/CE (Comhairlí oibreacha Eorpacha).

¹ Airteagal II-87 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 28¹

An ceart chun comhargántaíochta agus chun gníomhaíochta comhchoitinne

Tá an ceart ag fostóirí agus ag fostaithe, nó ag a n-eagraíochtaí faoi seach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta, dul i mbun caibidlíochta agus comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích ar na leibhéal iomchuí agus, má tá coinbhleacht leasa ann, chun gníomhaíocht chomhchoiteann a ghlacadh, lena n-áirítéar dul ar stailc, chun a leasanna féin a chosaint.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 6 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar an gCairt Chomphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe (pointí 12 go 14). D'aithin an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine an ceart chun gníomhaíochta comhchoitinne mar cheann de na gnéithe de na cearta ceardchumainn atá leagtha síos le hAirteagal 11 de CECD. Maidir leis na leibhéal iomchuí a bhféadfadh an chaibidlíocht chomhchoiteann tarlú orthu, féach an míniú a thugtar ar an Airteagal roimhe seo. Is faoi dhlíthe agus faoi chleachtais náisiúnta a thagann na rialacha mionsonraithe agus na teorainneacha maidir le gníomhaíocht chomhchoiteann a fheidhmiú, lena n-áirítéar dul ar stailc, agus lena n-áirítéar an cheist i dtaobh an féidir an ghníomhaíocht sin a reáchtáil go comhuaineach i roinnt Ballstát.

AIRTEAGAL 29²

An ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhís socrúcháin

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil saor in aisce ar sheirbhís socrúcháin.

¹ Airteagal II-88 den Bhunreacht.
² Airteagal II-89 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo bunaithe ar Airteagal 1(3) de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar phointe 13 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe.

AIRTEAGAL 30¹

Cosaint i gcás ina dtarlaíonn difhostú neamh-inleithscéil

Tá ag gach oibrí an ceart chun cosaint a fháil ar dhifhostú neamh-inleithscéil, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

Míniú

Tarraingíonn an tAirteagal seo ar Airteagal 24 den Chairt Shóisialta athbhreithnithe. Féach freisin Treoir 2001/23/CE maidir le cearta fostaithe a choimirciú i gcás gnóthais a aistriú, agus Treoir 80/987/CEE maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra, arna leasú le Treoir 2002/74/CE.

AIRTEAGAL 31²

Dálaí oibre cothroma agus córa

1. Tá ag gach oibrí an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítéar a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhíntítear a dhíntítear.

¹ Airteagal II-90 den Bhunreacht.

² Airteagal II-91 den Bhunreacht.

2. Tá ag gach oibrí an ceart chun go mbeidh teorainn leis an líon uasta uaireanta oibre, chun tréimhsí sosa in aghaidh an lae agus in aghaidh na seachtaine agus chun tréimhse saoire le pá in aghaidh na bliana.

Míniú

1. Tá mír 1 den Airteagal seo bunaithe ar Threoir 89/391/CEE maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh. Tarraingíonn sé freisin ar Airteagal 3 den Chairt Shóisialta agus ar phointe 19 den Chairt Chomhphobail um chearta le haghaidh oibrithe agus, maidir leis an dínit ag an obair, ar Airteagal 26 den Chairt Shóisialta athbhreithnithe. Ní mór na téarmaí "dálaí oibre" a thuiscent de réir bhrí Airteagal III-213 den Bhunreacht.
2. Tá mír 2 bunaithe ar Threoir 93/104/CE maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre, ar Airteagal 2 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar phointe 8 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe.

AIRTEAGAL 32¹

Toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus cosaint daoine óga ag an obair

Toirmiscear fostáiocht a thabhairt do leanaí. Ní fhéadfaidh an aois íosta chun dul i mbun fostáiochta a bheith níos ísle ná an aois chun an scoil a fhágáil, gan dochar do cibé rialacha atá níos fabhrúla do dhaoine óga agus seachas i gcás maoluithe teoranta amháin.

¹ Airteagal II-92 den Bhunreacht.

Daoine óga a gceadaítear dóibh dul i mbun fostáiochta, ní mór dálaí oibre a bheith acu a oireann dá n-aois agus ní mór iad a chosaint ar dhúshaothrú eacnamaíoch agus ar aon obair ar dóigh di a sábháilteachta, a sláinte, a bhforbairt choirp, mheabhrach, mhorálta nó shóisialta a dhochrú nó cur isteach ar a n-oideachas.

Míniú

Tá an tAireagal seo bunaithe ar Threoir 94/33/CE maidir le cosaint daoine óga ag an obair, ar Airteagal 7 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar phointí 20 go 23 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe.

AIRTEAGAL 33¹

Saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil

1. Beidh ag an teaghlaigh cosaint dhlítheanach, eacnamaíoch agus shóisialta.
2. Chun gur féidir comhréiteach a fháil idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil, beidh ag gach duine an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú ar chúis atá bainteach le máithreachas agus an ceart chun saoire máithreachais le pá agus chun saoire do thuismitheoir tar éis breithe nó uchtála linbh.

¹ Airteagal II-93 den Bhunreacht.

Míniú

Tá Airteagal 33(1)¹ bunaithe ar Airteagal 16 de Chairt Shóisialta na hEorpa. Tarraingíonn mír 2 ar Threoir 92/85/CEE ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche agus ar Threoir 96/34/CE maidir leis an gcomhaontú réime um shaoire do thuismitheoirí arna thabhairt i gcrích ag UNICE, CEEP agus CEC. Tá sé bunaithe freisin ar Airteagal 8 (an máithreachas a chosaint) de Chairt Shóisialta na hEorpa agus tarraingíonn sé ar Airteagal 27 (cearta oibrithe a bhfuil freagrachtaí teaghlaigh orthu chun deiseanna comhionanna agus cóir chomhionann a fháil) den Chairt Shóisialta athbhreithnithe. Folaíonn "máithreachas" an tréimhse uile ón gcoimpeart go dtí an bhaint den chíoch.

AIRTEAGAL 34²

Slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta

1. Aithníonn agus urramaíonn an tAontas an teideal chuig liúntais slándála sóisialta agus seirbhísí sóisialta lena soláthraítear cosaint i gcásanna amhail máithreachas, breoiteacht, tónóiscí tionsclaíocha, cleithiúnas nó seanaois agus i gcásanna ina gcailltear fostáiocht, ach sin i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.
2. Tá gach duine a chónaíonn agus a ghluaiseann go dleathach laistigh den Aontas Eorpach i dteideal liúntais slándála sóisialta agus buntáistí sóisialta a fháil i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

¹ Airteagal II-93 den Bhunreacht.

² Airteagal II-94 den Bhunreacht.

3. D'fhonn eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac, aithníonn agus urramaíonn an tAontas an ceart chun cúnamh sóisialta agus tithíochta a fháil chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála cuibhiúil ag na daoine sin go léir gan acmhainní leordhóthanacha, de réir na rialacha atá leagtha síos le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

Míniú

Tá an prionsabal a leagtar amach in Airteagal 34(1)¹ bunaithe ar Airteagail 137 agus 140 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagail III-210 agus III-213 den Bhunreacht curtha ina n-ionadanois, agus ar Airteagal 12 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar phointe 10 den Chairt Chomhphobail um chearta le haghaidh oibrithe. Ní mór don Aontas é a urramú agus na cumhachtaí a thugtar dó le hAirteagal III-210 agus III-213 den Bhunreacht á bhfeidhmiú aige. An tagairt do sheirbhísí sóisialta, is tagairt í do chásanna inar tugadh isteach seirbhísí den sórt sin chun buntáistí áirithe a sholáthar, ach ní thugann sí le tuiscint go bhfuil seirbhísí den sórt sin le cruthú san áit nach ann dóibh. Ní foláir an bhrí chéanna a bhaint as 'máithreachas' agus atá le baint as san Airteagal roimhe seo.

Tá mír 2 bunaithe ar Airteagail 12(4) agus 13(4) de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar phointe 2 den Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe agus meabhraíonn sí na rialacha a eascraíonn as Rialachán Uimh. 1408/71 agus Rialachán Uimh. 1612/68.

Tarraingíonn mír 3 ar Airteagal 13 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus ar Airteagail 30 agus 31 den Chairt Shóisialta athbhreithnithe agus ar phointe 10 den Chairt Chomhphobail. Ní mór don Aontas í a urramú i gcomhthéacs na mbeartas arna mbunú ar Airteagal III-210 den Bhunreacht.

¹ Airteagal II-94 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 35¹

Cúram sláinte

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus chun tairbhiú den chóireáil leighis faoi na coinníollacha atá bunaithe le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Déanfar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithíú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

Míniú

Tá na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo bunaithe ar Airteagal 152 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-278 den Bhunreacht curtha ina ionadanois, agus ar Airteagail 11 agus 13 de Chairt Shóisialta na hEorpa. Cuimsíonn an dara habairt den Airteagal a bhfuil in Airteagal III-278(1).

AIRTEAGAL 36²

Rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta dá bhforáiltear i ndlíthe agus i gcleachtais náisiúnta, i gcomhréir leis an mBunreacht, d'fhoínn comhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn.

¹ Airteagal II-95 den Bhunreacht.
² Airteagal II-96 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an tAirteagal seo ag teacht go hiomlán le hAirteagal III-122 den Bhunreacht agus ní chruthaítéar aon cheart nua leis. Níl ann ach go leagtar amach ann an prionsabal go n-urramóidh an tAontas ar rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta, nuair a bheidh na forálacha sin ag luí le dlí an Aontais.

AIRTEAGAL 37¹

Cosaint an chomhshaoil

Ní mór ardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a lánpháirtiú i mbeartais an Aontais, agus a áirithíú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

Míniú

Tá na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo bunaithe ar Airteagail 2, 6 agus 174 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal I-3(3), Airteagail III-119 agus Airteagal III-233 den Bhunreacht curtha ina n-ionadanois.

Tarraingíonn sé freisin ar fhorálacha roinnt bunreachtanna náisiúnta.

¹ Airteagal II-97 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 38¹

Cosaint tomhaltóirí

Déanfar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú i mbheartais an Aontais.

Míniú

Tá na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo bunaithe ar Airteagal 153 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal III-235 den Bhunreacht curtha ina ionadanois.

TEIDEAL V

CEARTA NA SAORÁNACH

AIRTEAGAL 39²

An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir
i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina gcónaíonn sé nó sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.
2. Toghsfar comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, trí shaorbhallóid rúnda.

¹ Airteagal II-98 den Bhunreacht.

² Airteagal II-99 den Bhunreacht.

Míniú

Tá feidhm ag Airteagal 39¹ faoi na coinníollacha dá bhforáltear i gCuid I agus i gCuid III den Bhunreacht, i gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt². Freagraíonn Airteagal 39(1)¹ don cheart a ráthaítear in Airteagal I-10(2) den Bhunreacht (féach freisin an bonn dlíthiúil in Airteagal III-126 chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an gceart sin a fheidhmiú), agus freagraíonn Airteagal 39(2) d'Airteagal I-20(2) den Bhunreacht. Is éard atá in Airteagal 39(2)¹ bunphrionsabail chóras toghchánach an Stáit dhaonlathaigh.

AIRTEAGAL 40³

An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha

Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina gcónaíonn sé nó sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

Míniú

Freagraíonn an tAirteagal seo don cheart a ráthaítear in Airteagal I-10(2) den Bhunreacht (féach freisin an bonn dlíthiúil in Airteagal III-126 chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an gceart sin a fheidhmiú). I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt², tá feidhm aige faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCuid I agus i gCuid III den Bhunreacht.

¹ Airteagal II-99 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

³ Airteagal II-100 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 41¹

An ceart chun dea-riaracháin

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.
2. Folaíonn an ceart sin:
 - (a) ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis nó léi ar beart é a dhéanfadh dochar dó nó di;
 - (b) ceart gach duine rochtain a fháil ar a chomhad nó a comhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus sicréideachta gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna;
 - (c) an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí.
3. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh an tAontas aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a oifigigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.
4. Féadfaidh gach duine scríobh chuig institiúidí an Aontais i gceann de theangacha an Bhunreachta agus caithfidh sé no sí freagra a fháil sa teanga chéanna.

¹ Airteagal II-101 den Bhunreacht.

Míniú

Tá Airteagal 41¹ bunaithe ar an Aontas a bheith faoi réir smacht reachta a ndearnadh a shaintréithe a fhorbairt sa chásdlí inar cumhdaíodh an dea-riarachán inter alia mar phrionsabal ginearálta dlí (féach inter alia breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 31 Márta 1992, i gCás C-255/90 P, Burban [1992] ECR I-2253, agus breithiúnais na Cúirte Céadchéime an 18 Meán Fómhair 1995 i gCás T-167/94 Nölle [1995] ECR II-2589, an 9 Iúil 1999 i gCás T-231/97, New Europe Consulting e.a., [1999] ECR II-2403). Is ón gcásdlí a eascraíonn an fhocláiocht atá ar an gceart sin sa chéad dá mhír (breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 1987, i gCás 222/86 Heylens [1987] ECR 4097, mír 15 de na forais, breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 1989 i gCás 374/87 Orkem [1989] ECR 3283, breithiúnas an 21 Samhain 1991 i gCás C-269/90, TU München [1991] ECR I-5469, agus breithiúnais na Cúirte Céadchéime an 6 Nollaig 1994 i gCás T-450/93, Lisrestal [1994] ECR, II-1177 an 18 Meán Fómhair 1995 i gCás T-167/94 Nölle [1995] ECR II-258) agus is as Airteagal 253 de Chonradh CE, a bhfuil Airteagal I-38(2) den Bhunreacht curtha ina ionadanois, a thagann an fhocláiocht maidir leis an oibleagáid réasúin a lua (féach freisin an bonn dlíthiúil in Airteagal III-398 den Bhunreacht chun reachtaíocht a ghlacadh ar mhaithe le riarrachán Eorpach atá oscailte, éifeachtach, neamhspleách).

Atáirgeann mír 3 an ceart a ráthaítaranois le hAirteagal III-431 den Bhunreacht. Atáirgeann mír 4 an ceart a ráthaítaranois le hAirteagail I-10(2)(d) agus III-129 den Bhunreacht. I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt², tá na cearta sin le feidhmiú faoi na coinníollacha agus faoi na teorainneacha a shainítar i gCuid III den Bhunreacht.

Is gné thábhachtach den cheist seo é an ceart chun leigheas éifeachtach agus rathaítar in Airteagal 47 den Chairt seo³ é .

¹ Airteagal II-101 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

³ Airteagal II-107 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 42¹

An ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, is cuma cén meán ina bhfuil siad.

Míniú

An ceart a ráthaítear san Airteagal seo, is as Airteagal 255 de Chonradh CE, a ndearnadh Rialachán 1049/2001 a ghlacadh ar a bhonn ina dhiaidh sin, a eascraíonn sé. Tá an Coinbhinsiún Eorpach tar éis an ceart seo a leathnú ionas go mbainfidh sé le doiciméid de chuid institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí i gcoitinne, beag beann ar a bhfoirm (féach Airteagal I-50(3) den Bhunreacht). I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt², feidhmítear an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagail I-50(3) agus III-399.

AIRTEAGAL 43³

Ombudsman Eorpach

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach, a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach.

¹ Airteagal II-102 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

³ Airteagal II-103 den Bhunreacht.

Míniú

An ceart a ráthaítéar san Airteagal seo, is é an ceart a ráthaítéar le hAirteagail I-10 agus III-335 den Bhunreacht é. I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt¹, tá feidhm aige faoi na coinníollacha a shaintítear leis an dá Airteagal sin.

AIRTEAGAL 44²

An ceart chun achainí a dhéanamh

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa.

Míniú

An ceart a ráthaítéar san Airteagal seo, is é an ceart a ráthaítéar le hAirteagail I-10 agus III-334 den Bhunreacht é. I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt¹, tá feidhm aige faoi na coinníollacha a shaintítear sa dá Airteagal sin.

AIRTEAGAL 45³

Saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaithe

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát.

¹ Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

² Airteagal II-104 den Bhunreacht.

³ Airteagal II-105 den Bhunreacht.

2. Féadfar saoirse gluaiseachta agus cónaithe a dheonú, i gcomhréir leis an mBunreacht, do náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit.

Míniú

An ceart a ráthaítar le mír 1, is é an ceart a ráthaítar le hAirteagal I-10(2)(a) den Bhunreacht é (féach freisin an bonn dlíthiúil in Airteagal III-125 agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2002, C-413/99 Baumbast [2002] ECR 709). I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt¹, tá feidhm aige faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i gCuid III den Bhunreacht.

Tagraítar i mír 2 don chumhacht a thugtar don Aontas le hAirteagail III-265 go III-267 den Bhunreacht. Dá bhrí sin, braitheann deonú an chirt seo ar fheidhmiú na cumhachta sin ag na hinstistiúidí.

AIRTEAGAL 46²

Cosaint taidhleoireachta agus chonsalach

Beidh gach saoránach den Aontas, ar chríoch tríú thíre nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é nó í, i dteideal cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin.

¹ Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

² Airteagal II-106 den Bhunreacht.

Míniú

An ceart a ráthaítar leis an Airteagal seo, is é an ceart a ráthaítar in Airteagail I-10 den Bhunreacht é; féach freisin an bonn dlíthiúil in Airteagal III-127. I gcomhréir le hAirteagal 52(2) den Chairt¹, tá feidhm aige faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin.

TEIDEAL VI

CEARTAS

AIRTEAGAL 47²

An ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil

Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Beidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Déanfar cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a mhéad is gá an cúnamh sin chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.

¹ Airteagal II-112(2) den Bhunreacht.

² Airteagal II-107 den Bhunreacht.

Míniú

Tá an chéad mhír bunaithe ar Airteagal 13 de CECD:

"Gach uile dhuine a sárófar a chearta agus a shaoirsí mar atáid leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, beidh leigheas éifeachtach aige os comhair údaráis náisiúnta, d'ainneoin gur daoine a bhí ag gníomhú i gcáil oifigiúil a rinne an sárú."

Is forleithne, áfach, an chosaint atá i ndlí an Aontais toisc go ráthaíonn sé an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair círte. Chumhdaigh an Chúirt Bhreithiúnais an ceart sin ina breithiúnas an 15 Bealtaine 1986, mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais (Cás 222/84, Johnston [1986]) ECR 1651; féach freisin breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 1987, Cás 222/86, Heylens, [1987] ECR 4097 agus breithiúnas an 3 Nollaig 1992, Cás C-97/91 Borelli [1992] ECR , I-6313). De réir na Cúirte, tá feidhm freisin ag an bprionsabal ginearálta sin de chuid dhlí an Aontais maidir leis na Ballstáit nuair atá dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Ní raibh sé i gceist nuair a cuireadh an fasach seo isteach sa Chairt athrú a dhéanamh ar an gcóras athbhreithnithe breithiúnaigh a leagtar síos sna Conarthaí, go háirithe na rialacha a bhaineann le hinghlacthacht caingne díreacha os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Scrúdaigh an Coinbhinsiún Eorpach córas athbhreithnithe breithiúnaigh an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le hinghlacthacht, agus dhaingnigh sé iad cé go ndearna sé gnéithe áirithe díobh a leasú, mar atá le sonrú ar Airteagail III-353 go III-381 den Bhunreacht, agus go háirithe ar Airteagal III-365(4). Tá feidhm ag Airteagal 47¹ maidir le hinstiúidí an Aontais agus maidir le hinstiúidí na mBallstát nuair atá dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, agus sin maidir leis na cearta uile a ráthaítear le dlí an Aontais.

¹ Airteagal II-107 den Bhunreacht.

Freagraíonn an dara mír d'Airteagal 6(1) in CECD, ar mar seo a leanas atá:

"Chun a chearta agus a dhualgais sibhialta nó aon chuíseamh coiriúil ina choinne a chinneadh, tá ag gach uile dhuine teideal chun éisteacht chóir phoiblí d'fháil laistigh d'am réasúnach ó bhinse neamhspleách neamhchlaon a bheas bunaithe le dlí. Craolfar an breithiúnas go poiblí ach féadfar an preas agus an pobal d'eisiamh ón triail go léir nó ó aon chuid di, ar mhaithe leis an moráltacht, leis an ord poiblí nó leis an tslándáil náisiúnta i ndaonlathas má bhíonn sin riachtanach i gcomhair leasa ógánach nó chun saol príobháideach na bpáirtithe a chosaint, nó sa mhéid gur dianghá é dar leis an gcúirt in imthosca speisialta ina rachadh an phoiblíocht chun dochair don cheartais."

Níl an ceart chun éisteacht chóir teoranta i ndlí an Aontais do dhíospóidí a bhaineann le cearta dlí shibhialta agus le hoibleagáidí dlí shibhialta. Is amhlaidh atá toisc gur comhphobal é an tAontas atá bunaithe ar an smacht reachta, mar a luaih an Chúirt i gCás 294/83, "Les Verts" v. Parlaimint na hEorpa (breithiúnas an 23 Aibreán 1986 [1988] ECR 1339). Mar sin féin, tá feidhm ag na ráthaíochtaí a thugtar le CECD ar gach slí seachas a mhéid a bhaineann lena raon feidhme, ar dhóigh chomhchosúil maidir leis an Aontas.

Maidir leis an tríú mír, tugtar faoi deara gur chóir, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais um Chearta an Duine, foráil a dhéanamh do chúnamh dlíthiúil i gcás nach bhféadfaí leigheas éifeachtach a áirithiú dá uireasa (Breithiúnas an CECD an 9.10.1979, Airey, Sraith A, Imleabhar 32, 11). Tá córas cúnamh dhlíthiúil ann freisin do chásanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 48¹

Toimhde na neamhchiontachta agus ceart chun cosaint a fháil

1. Toimhdeofar gach duine atá cúisithe a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar é nó í a bheith ciontach de réir dlí.
2. Déanfar urraim ar na cearta maidir le cosaint aon duine atá cúisithe a ráthú.

Míniú

Is ionann Airteagal 48¹ agus Airteagal 6(2) agus (3) de CECD, ar mar seo a leanas atá:

- "2. Gach uile dhuine a chuíseofar i gcion coiriúil, is tuigthe é a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach é de réir dlí.
3. Gach uile dhuine a chuíseofar i gcion coiriúil beidh na bunchearta seo a leanas aige:
 - (a) go n-inseofar gan mhoill dó, i dteanga a thuigfeas sé agus go mionchruinn, gné agus fáth an chuísimh ina choinne;
 - (b) a leordhóthain ama agus saoráidí a bheith aige chun a chosaint d'ullmhú;
 - (c) é féin a chosaint i bpearsain nó trí chabhair dhlíthiúil dá roghain féin nó, mura bhfuil sé acmhainneach ar íoc as cabhair dlíthiúil, sin d'fháil in aisce nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas;

¹ Airteagal II-108 den Bhunreacht.

- (d) finnéisithe ina choinne a cheistiú nó a chur dá gceistiú agus finnéisithe thar a cheann a thabhairt i láthair agus a cheistiú de réir na gcoinníollacha céanna a bhainfeas le finnéisithe ina choinne;
- (e) cabhair teangaire d'fháil in aisce mura féidir leis an teanga a úsáidtear sa chuírt a thuisint nó a labhairt."

I gcomhréir le hAirteagal 52(3)¹, is ionann brí agus raon feidhme don cheart seo agus don cheart a ráthaítear le CECD.

AIRTEAGAL 49²

Prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhreíreachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis

1. Ní bhfaighfear aon duine ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhgníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta tráth a dhéanta. Mar an gcéanna, ní ghearrfar pionós is troime ná an pionós ab infheidhme an tráth a rinneadh an cion coiriúil. Más rud é, tar éis an cion coiriúil a dhéanamh, go bhforáiltear do phionós níos éadrom sa dlí, beidh an pionós sin infheidhme.
2. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do thriail agus do phionósú aon duine i ngeall ar aon ghníomh nó neamhgníomh a bhí, tráth a dhéanta, coiriúil de réir na bprionsabal ginearálta atá aitheanta ag pobal na náisiún.
3. Ní ceadmhach déine na bpionós a bheith neamhchomhréireach leis an gcion coiriúil.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

² Airteagal II-109 den Bhunreacht.

Míniú

Leanann an tAirteagal seo an rial thraigisiúnta maidir le neamh-aisghníomhaíocht dlíthe agus smachtbhannaí coiriúla. Cuireadh leis seo an rial maidir le haisghníomhaíocht dlí choiriúil níba thrócairí, atá ann i roinnt Ballstát agus atá le fáil in Airteagal 15 den Chúnant maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 7 de CECD:

- "1. Ní mheasfar aon duine a bheith ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhgníomh nár chion coiriúil faoin dlí náisiúnta nó idirnáisiúnta an tráth a rinneadh é. Ná ní ghearrfar pionós is troime ná mar dob inghearrtha an tráth a rinneadh an cion coiriúil.
2. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar do thriail agus pionósú aon duine in aon ghníomh nó neamhgníomh ba chion coiriúil tráth a dhéanta do réir na bprionsabal ginearálta dlí a aithníos náisiúin shibhialta."

I mír 2, scríosadh an tagairt do náisiúin "shibhialta", ní athraíonn sé seo an bhrí atá leis an mír, ina dtagraítear ach go háirithe do chionta in aghaidh na daonnachta. I gcomhréir le hAirteagal 52(3)¹, is ionann brí agus raon feidhme atá don cheart a rathaítear anseo agus don cheart a ráthaítear in CECD.

I mír 3 luaitear prionsabal ginearálta na comhréire idir pionóis agus cionta coiriúla, prionsabal atá cumhdaithe i gcomhthraigisiúin bhunreachtúla na mBallstát agus i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais na gComphobal Eorpach.

¹ Airteagal II-112(3) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 50¹

An ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú
faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna

Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí.

Míniú

Mar seo a leanas atá in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 7 a ghabhann le CECD:

- "1. Ní féidir aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla faoin dlínse sa Stát céanna i ngeall ar chion a bhfuil sé éigontaithe nó ciontaithe go críochnaitheach i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí agus an nós imeachta coiriúil sa Stát sin.
- 2. Ní choiscfidh na forálacha sa mhír roimhe seo ar an gcás a athoscailt i gcomhréir leis an dlí agus an nós imeachta coiriúil sa Stát i dtrácht, má tá fianaise nua nó fíorais atá fionnta go nua nó má tá éalang bunúsach sna himeachtaí roimhe sin a d'fhéadfadh fearadh ar an mbreithiúnas a tugadh.
- 3. Níl aon mhaolú ceadaithe ar an Airteagal seo faoi Airteagal 15 sa Choinbhinsiún."

Tá feidhm ag rial an "non bis in idem" maidir le dlí an Aontais (féach, i measc na raidhse fasach, breithiúnas an 5 Bealtaine 1996, Cásanna 18/65 agus 33/65, Gutmann v. Coimisiún [1966] ECR 103 agus cás a bhí ann le déanaí, breith ón gCúirt Chéadchéime an 20 Aibreán 1999, Cásanna Ceangailte T-305/94 agus eile, Limburgse Vinyl Maatschappij NV v. Coimisiún [1999] ECR II-931). Carnadh dhá phionós den chineál céanna atá i gceist sa rial a thoirmisceann an carnadh, eadhon pionóis dlí choiriúil.

¹ Airteagal II-110 den Bhunreacht.

I gcomhréir le hAirteagal 50¹, ní hé amháin go bhfuil feidhm ag riail an "non bis in idem" laistigh de dhlínse aon Stáit amháin ach tá feidhm aici freisin idir dhlínsí roinnt Ballstát. Freagraíonn sé seo don acquis i ndlí an Aontais; féach Airteagail 54 go 58 de Choinbhinsiún Schengen agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Feabhra 2003, C-187/01 Gözütok (le foilsíú fós), Airteagal 7 den Choinbhinsiún maidir le Leasa Airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint agus Airteagal 10 den Choinbhinsiún maidir leis an éillitheacht a chomhrac. Na heisceachtaí fíortheoranta atá sna Coinbhinsiúin sin a cheadaíonn do na Ballstáit riail an "non bis in idem" a mhaolú, clúdaítear sa chlásal cothrománach in Airteagal 52(1) den Chairt² maidir le teorainneacha iad. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 7, eadhon ina ndéantar an prionsabal a chur i bhfeidhm laistigh den Bhallstát céanna, is ionann brí agus raon feidhme don cheart ráthaithe agus don cheart comhfhireagrach in CECD.

¹ Airteagal II-110 den Bhunreacht.

² Airteagal II-112(1) den Bhunreacht.

TEIDEAL VII

**FORÁLACHA GINEARÁLTA A bhFUIL LÉIRIÚ
AGUS CUR I bhFEIDHM NA CAIRTE FAOINA RIALÚ**

AIRTEAGAL 51¹

Raon feidhme

1. Tá forálacha na Cairte seo thíre ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hurraim chuí do phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit an tráth a gcuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin. Dá dheasca sin, tabharfaidh siad aird ar na cearta, déanfaidh siad na prionsabail a urramú agus cuirfidh a gcur i bhfeidhm chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach agus na teorainneacha atá ar chumhachtaí an Aontais mar atá siad tugtha dó i gCodanna eile den Bhunreacht á n-urramú acu.
2. Ní dhéanann an Chairt seo raon feidhme dhlí an Aontais a fhorleathnú thar chumhachtaí an Aontais ná aon chumhacht ná aon chíram nua a bhunú don Aontas, ná cumhachtaí agus cúraimí atá sainithe i gCodanna eile den Bhunreacht a mhodhnú.

¹ Airteagal II-111 den Bhunreacht.

Míniú

Is é is aidhm d'Airteagal 51¹ raon feidhme na Cairte a chinneadh. Féachtar ann lena shuíomh go soiléir gur maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais is mó atá feidhm ag an gCairt, de réir phrionsabal na coimhdeachta. Dréachtaíodh an fhoráil seo i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lenar cuireadh de cheangal ar an Aontas cearta bunúsacha a urramú, agus i gcomhréir leis an sainordú arna eisiúint ag Comhairle Eorpach Köln. Tá an téarma "institiúidí" cumhdaithe i gCuid I den Bhunreacht. Is minic, sa Bhunreacht, a úsáidtear an abairt "comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí" chun tagairt a dhéanamh do na heagrais uile arna mbunú leis an mBunreacht nó le reachtaíocht thánaisteach (féach, mar shampla, Airteagal I-50 nó Airteagal I-51 den Bhunreacht).

Maidir leis na Ballstáit, eascraíonn sé go glan soiléir as cásdlí na Cúirte Breithiúnais nach bhfuil an ceanglas maidir le cearta bunúsacha a urramú, a shainíttear i gcomhthéacs an Aontais, ceangailteach ar na Ballstáit ach amháin nuair a ghníomhaíonn siad laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais (breithiúnas an 13 Iúil 1989, Cás 5/88 Wachauf [1989] ECR 2609; breithiúnas an 18 Meitheamh 1991, ERT [1991] ECR I-2925; breithiúnas an 18 Nollaig 1997 (C-309/96 Annibaldi [1997] ECR I-7493). Dhaingnigh an Chúirt Bhreithiúnais an cásdlí seo sna téarmaí seo a leanas: "Fairis sin, ba chóir a mheabhrú go bhfuil na ceanglais a eascraíonn ó chosaint ceart bunúsach i ndlíchóras an Chomhphobail ceangailteach freisin ar na Ballstáit nuair a chuireann siad rialacha Comhphobail chun feidhme ..." (breithiúnas an 13 Aibreán 2000, Cás C-292/97, [2000] ECR 2737, mír 37 de na forais). Ar ndóigh, tá feidhm ag an rial seo, mar atá sí cumhdaithe sa Bhunreacht, maidir le húdaráis láir agus maidir le comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla, agus maidir le heagraíochtaí poiblí, nuair a chuireann siad chun feidhme dlí an Aontais.

¹ Airteagal II-111 den Bhunreacht.

Daingníonn mór 2, i dteannta an dara habairt de mhír 1, nach bhféadfaidh sé a bheith de thoradh ar an gCáirt go leathnaítear na cumhachtaí agus na cúraimí a thugtar don Aontas le Codanna eile den Bhunreacht. Luaitear go sonrach anseo iarmháirtí loighciúla phrionsabal na coimhdeachta agus nach bhfuil de chumhachtaí ag an Aontas ach a bhfuil tugtha dó. Níl éifeacht ar bith leis na cearta bunúsacha mar a rathaítear san Aontais iad seachas i gcomhthéacs na gcumhachtaí a chinntear le Cuid I agus le Cuid III den Bhunreacht. Dá bhrí sin, is laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí céanna sin amháin a eascróidh aon oibleagáid a bheidh ar institiúidí an Aontais, de bhun an dara habairt de mhír 1, prionsabail a leagtar síos sa Chairt a chur chun cinn.

Daingníonn mór 2 freisin nach bhféadfaidh sé a bheith de thoradh ar an gCáirt raon feidhme dhlí an Aontais a leathnú níos faide ná cumhachtaí an Aontais mar atá arna mbunú i gCodanna eile den Bhunreacht. Tá an riail seo bunaithe cheana ag an gCúirt Bhreithiúnais i dtaca leis na cearta bunúsacha a aithnítear mar chuid de dhlí an Aontais (breithiúnas an 17 Feabhra 1998, C-249/96 Grant, 1998 ECR I-621, pointe 45 de na forais). I gcomhréir leis an riail seo, ní gá a rá nach féidir lánpháirtiú na Cairte sa Bhunreacht a thuiscint mar ní a leathnaíonn as féin raon gníomhaíochta na mBallstát a mheasfar mar "chur chun feidhme dhlí an Aontais" (de réir bhrí mhír 1 agus an chásdlí thuasluait).

AIRTEAGAL 52¹

Raon feidhme agus léiriú na gceart agus na bpriónsabal

- Ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phriónsabal na comhréireachta, ní fhéadfarr teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

¹ Airteagal II-112 den Bhunreacht.

2. Déanfar cearta arna n-aithint sa Chairt seo agus dá bhforáiltear i gCodanna eile den Bhunreacht a fheidhmiú faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá sainithe sna Codanna ábhartha sin.

3. A mhéad a chuimsíonn an Chairt seo cearta a fhreagraíonn do chearta arna ráthú leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, is ionann an bhrí agus an raon feidhme a bheidh ag na cearta sin agus an bhrí agus an raon feidhme atá leagtha síos leis an gCoinbhinsiún sin. Ní choiscfidh an fhoráil seo dlí an Aontais ar chosaint níos forleithne a sholáthar.

4. A mhéad a aithníonn an Chairt seo saoirsí bunúsacha mar a leanann siad ó na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, déanfar na cearta sin a léiriú ar aon dul leis na traidisiúin sin.

5. Forálacha den Chairt seo ina bhfuil prionsabail, féadfar iad a chur chun feidhme le gníomhartha reachtacha agus feidhmiúcháin arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus le gníomhartha ó na Ballstáit nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, i bhfeidhmiú a gcumhactaí faoi seach. Ní fhéadfar iad a agairt os comhair cúirte ach amháin i dtaca le léiriú na ngníomhartha sin agus le rialú ar a ndlíthiúlacht.

6. Tabharfar aird iomlán, faoi mar atá sonraithe sa Chairt seo, ar dhlíthe agus ar chleachtais náisiúnta.

7. Tabharfaidh cúirteanna an Aontais agus na mBallstát aird chuí ar na mínithe arna dtarraingt suas mar threoir ar mhaithe leis an gCairt um Chearta Bunúsacha a léiriú.

Míniú

Is é is críoch d'Airteagal 52¹ raon feidhme cheart agus phrionsabail na Cairte a shocrú, agus rialacha a leagan síos maidir lena léiriú. Déileálann mír 1 leis na socruithe maidir le cearta a theorannú. Is bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais atá an fhocláiocht : "tá sé seanbhunaithe i gcásdlí na Cúirte gur féidir srianta a fhorchur ar cheart bunúsach a fheidhmiú, go háirithe i gcomhthéacs comheagraíochta margaidh, ar chuntar go bhfreagraíonn na srianta sin do chuspóirí leasa choitinn arna saothrú ag an gComhphobal agus nach ionann iad, maidir leis an aidhm atá á saothrú, agus cur isteach neamhréireach, míréasúnta a bhainfeadh an bonn de shubstaint na gceart sin" (breithiúnas an 13 Aibreán 2000, Cás C-292/97, mír 45 de na forais). Folaíonn an tagairt do na leasanna ginearálta atá aitheanta ag an Aontas na cuspóirí atá luaite in Airteagal I-2 den Bhunreacht agus leasanna eile a chosnaítear le forálacha sonracha den Bhunreacht ar nós Airteagal I-5(1), Airteagal III-133(3) agus Airteagail III-154 agus III-436.

Tagraíonn mír 2 do chearta a rathaíodh go sainráite roimhe seo sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus a aithníodh sa Chairt agus atá le fáilanois i gCodanna eile den Bhunreacht (go háirithe na cearta a chineann ó shaoránacht den Aontas). Soiléiríonn sé go leanfaidh na cearta sin de bheith faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha is infheidhme maidir leis an dlí sin de chuid an Aontais ar a bhfuil siad bunaithe agus dá bhforáiltearanois i gCuid I agus i gCuid III den Bhunreacht. Ní athraíonn an Chairt córas na gceart a thugtar le Conradh CE agus atá le fáilanois i gCuid I agus i gCuid III den Bhunreacht.

¹ Airteagal II-112 den Bhunreacht.

Tá mír 3 ceaptha an chomhchuibheas is gá a áirithiú idir an Chairt agus CECD trína rialú, a mhéad a fhreagraíonn na cearta sa Chairt seo do na cearta a ráthaítear in CECD, gur ionann brí agus raon feidhme dóibh, lena n-áirítéar teorainneacha údaraithe, agus dóibh siúd a leagtar síos in CECD. Ciallaíonn sé sin, ach go háirithe, nach mór don reachtóir, agus teorainneacha á leagan síos aige maidir leis na cearta sin, na caighdeáin chéanna a chomhlíonadh a shocraítear leis na socruthéーションraithe um theorannú dá bhforáltear in CECD agus atá infheidhme dá bhrí sin maidir leis na cearta a chlúdaítear sa mhír seo, gan dochar a dhéanamh dá chionn sin do neamhspleáchas dhlí an Aontais ná do neamhspleáchas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Folaíonn an tagairt do CECD an Coinbhinsiún agus na Prótacail a ghabhann leis. Cinntear brí agus raon feidhme na gceart arna ráthú, ní hamháin le téacs na n-ionstraimí sin ach freisin le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá sé i gceist leis an abairt dheiridh den mhír a chur ar chumas an Aontais cosaint níos forleithne a áirithiú. Ar aon chaoi, ní fhéadfaidh an leibhéal cosanta a thugtar leis an gCairt a bheith níos ísle choíche ná an leibhéal a ráthaítear le CECD.

Ní chuireann an Chairt de chosc ar na Ballstáit leas a bhaint as Airteagal 15 de CECD, lena n-údaraítear maoluithe ar na cearta in CECD i gcás cogaidh nó i gcás aon chontúirtí poiblí eile a bheith ag bagairt ar shaol an náisiúin, agus iad i mbun gníomhaíochta i réimse cosanta náisiúnta i gcás cogaidh agus i réimse choimeád an oird phoiblí, i gcomhréir leis na freagrachtaí atá orthu mar a aithnítear in Airteagal I-5(1) agus in Airteagail III-131 agus III-262 den Bhunreacht iad.

Tugtar liosta ina dhiaidh seo de na cearta is féidir a mheas faoi láthair, gan forbairtí a chosc ar an dlí, ar an reachtaíocht ná ar na Conarthaí, mar chearta a fhreagraíonn do na cearta in CECD de réir bhrí na míre seo. Níl aon chearta sa bhreis orthu sin in CECD ar áireamh ann.

1. Airteagail sa Chairt ar ionann brí agus raon feidhme dóibh agus do na hAirteagail chomhfhreagracha de CECD:
 - Freagraíonn Airteagal 2¹ d'Airteagal 2 de CECD;
 - Freagraíonn Airteagal 4² d'Airteagal 3 de CECD;
 - Freagraíonn Airteagal 5 (1) agus (2)³ d'Airteagal 4 de CECD;
 - Fregraíonn Airteagal 6⁴ d'Airteagal 5 de CECD;
 - Fregraíonn Airteagal 7⁵ d'Airteagal 8 de CECD;
 - Fregraíonn Airteagal 10(1)⁶ d'Airteagal 9 de CECD;
 - Fregraíonn Airteagal 11⁷ d'Airteagal 10 de CECD gan dochar d'aon srianta a fhéadfaidh dlí an Aontais a fhorchur ar cheart na mBallstát na socruithe ceadúnais dá bhforáiltear sa tríú habairt d'Airteagal 10(1) de CECD a thabhairt isteach;
 - Fregraíonn Airteagal 17⁸ d'Airteagal 1 den Phrótacal a ghabhann le CECD;

¹ Airteagal II-62 den Bhunreacht.

² Airteagal II-64 den Bhunreacht.

³ Airteagal II-65 den Bhunreacht.

⁴ Airteagal II-66 den Bhunreacht.

⁵ Airteagal II-67 den Bhunreacht.

⁶ Airteagal II-70 den Bhunreacht.

⁷ Airteagal II-71 den Bhunreacht.

⁸ Airteagal II-77 den Bhunreacht.

- Freagraíonn Airteagal 19(1)¹ d'Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 4;
 - Freagraíonn Airteagal 19(2)² d'Airteagal 3 de CECD mar atá arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine;
 - Freagraíonn Airteagal 48² d'Airteagal 6(2) agus (3) de CECD;
 - Freagraíonn Airteagal 49(1) (seachas an abairt dheiridh) agus Airteagal 49(2)³ d'Airteagal 7 de CECD.
2. Airteagail arb ionann brí dóibh agus do na hAirteagail chomhfhreagracha in CECD, ach ar forleithne a raon feidhme:
- Clúdaíonn Airteagal 9⁴ an réimse céanna agus a chlúdaíonn Airteagal 12 de CECD, ach féadfar a raon feidhme a leathnú ionas go mbainfidh sé le cineálacha eile pósta má bhunaítear le reachtaíocht náisiúnta iad;
 - Freagraíonn Airteagal 12(1)⁵ d'Airteagal 11 de CECD ach leathnaítear go dtí leibhéal an Aontais Eorpaigh a raon feidhme;

¹ Airteagal II-79 den Bhunreacht.

² Airteagal II-108 den Bhunreacht.

³ Airteagal II-109 den Bhunreacht.

⁴ Airteagal II-69 den Bhunreacht.

⁵ Airteagal II-72 den Bhunreacht.

- Freagraíonn Airteagal 14(1)¹ d'Airteagal 2 den Phrótacal a ghabhann le CECD ach déantar a raon feidhme a leathnú ionas go gclúdóidh sé an rochtain ar an ngairmoiliúint agus ar an oiliúint leanúnach;
- Freagraíonn Airteagal 14(3)² d'Airteagal 2 den Phrótacal a ghabhann le CECD maidir le cearta tuismitheoirí;
- Freagraíonn Airteagal 47(2) agus (3)² d'Airteagal 6(1) de CECD ach níl feidhm maidir le dlí an Aontais ná maidir lena chur chun feidhme ag an teorannú ar chinneadh ceart sibhialta agus oibleagáidí sibhialta nó cúiseamh cóiriúl;
- Freagraíonn Airteagal 50³ d'Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 7 a ghabhann le CECD ach déantar a raon feidhme a leathnú go dtí leibhéal an Aontais Eorpáigh idir Chúirteanna na mBallstát.
- Ar deireadh, ní fhéadfarr saoránaigh den Aontas Eorpach a mheas mar eachtrannaigh, faoi raon feidhme dhlí an Aontais, mar gheall ar an toirmeasc ar aon idirdhealú ar fhoras náisiúntachta. Na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 16 in CECD maidir le cearta eachtrannach, níl feidhm acu, dá bhrí sin, maidir leo sa chomhthéacs seo.

¹ Airteagal II-74 den Bhunreacht.

² Airteagal II-107 den Bhunreacht.

³ Airteagal II-110 den Bhunreacht.

An ríail léirithe atá i mír 4, tá sí bunaithe ar fhocláiocht Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (arb í foclaíocht Airteagal I-9(3) den Bhunreacht anois í) agus tugann sí aird chuí ar chur chuige na Cúirte Breithiúnais i leith na gcomhthraidisiún bunreachtúil (m.sh. breithiúnas an 13 Nollaig 1979, Cás 44/79 Hauer [1979]) ECR 3727; breithiúnas an 18 Bealtaine 1982, Cás 155/79, AM & S, [1982] ECR 1575). De réir na rialach sin, seachas cur chuige docht a leanúint, bunaithe ar "an gcomhainmneoir is ísle", ba chóir na cearta Cairte lena mbaineann a léiriú ar shláí a thabharfadhbh ardleibhéal cosanta, a shásáíonn dlí an Aontais agus a luíonn leis na comhthraidisiúin bhunreachtúla.

Soiléirítear i mír 5 an t-idirdhealú a dhéantar idir na "cearta" agus na "prionsabail" a leagtar amach sa Chairt. De réir an idirdhealaithe sin, déanfar cearta suibiachtúla a urramú, san áit a ndéanfar prionsabail a chomhlíonadh (Airteagal 51(1)¹). Féadfar prionsabail a chur chun feidhme le gníomhartha reachtacha nó le gníomhartha feidhmiúcháin (arna nglacadh ag an Aontas i gcomhréir lena chumhacthaí, agus ag na Ballstáit nuair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme agus ansin amháin); dá réir sin, ní bhíonn tábhacht ag baint leo do na Cúirteanna seachas nuair a bhíonn gníomhartha den sórt sin le léiriú nó le léirmheas. Ní eascraíonn éilimh dhíreacha astu, áfach, ar ghníomhaíocht dhearfach ag institiúidí an Aontais ná ag údaráis na mBallstát. Tagann sé seo le cásdlí na Cúirte Breithiúnais (féach go háirithe an cásdlí maidir le "prionsabal an réamhchúram" in Airteagal 174(2) CCE (a bhfuil Airteagal III-223 den Bhunreacht curtha ina ionad): breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 11 Mean Fómhair 2002, T-13/99, Pfizer v. An Chomhairle, le tagairtí iomadúla don chásdlí roimhe sin; agus sraith breithiúnas ar Airteagal 33 (sean-Airteagal 39) maidir le prionsabail dhlí na talmhaíochta, m.sh. breithiúnas na Cúirte Breithiúnais C-265/85, Van den Berg [1987] ECR 1155: mionscrúdú ar phrionsabal chobhsú an mhargaidh agus ar an ionchas réasúnach) agus le cur chuige chórais bhunreachtúla na mBallstát i leith na "bprionsabal", go háirithe i réimse an dlí shóisialta. Mar léiriú, áirítear Airteagail 25, 26 agus 37² ar na samplaí de phrionsabail a aithnítear sa Chairt. I gcásanna áirithe, féadfaidh gnéithe de cheart agus gnéithe de phrionsabal a bheith san aon Airteagal amháin den Chairt, m.sh. Airteagail 23, 33 agus 34³.

¹ Airteagal II-111 den Bhunreacht.

² Airteagail II-85, II-86 agus II-97 den Bhunreacht.

³ Airteagail II-83, II-93 agus II-94 den Bhunreacht.

Tagraítéar i mír 6 do na hAirteagail éagsúla sa Chairt ina ndéantar tagairt, de mheon na coimhdeachta, do dhlíthe agus do chleachtais náisiúnta.

AIRTEAGAL 53¹

Leibhéal na cosanta

Ní léireofar aon fhoráil sa Chairt seo sa chaoi go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a shrianadh nó a dhochrú mar atá siad arna n-aithint, ina raonta feidhme faoi seach, le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítéar an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus le bunreachtanna na mBallstát.

Míniú

Tá an fhoráil seo ceaptha chun an leibhéal cosanta a choimeád ar bun a thugann dlí an Aontais, an dlí náisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta laistigh dá raon feidhme féin faoi seach. Mar gheall ar an tábhacht atá leis, luaitear an CECD.

¹ Airteagal II-113 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 54¹

Toirmeasc ar chearta a mhí-úsáid

Ní léireofar aon ní sa Chairt seo ar dhóigh a thabharfadhl le tuiscint go bhfuil aon cheart ann chun gabháil le haon ghníomhaíocht nó aon ghníomh a dhéanamh arb é is aidhm dó na cearta nó na saoirsí átá aitheanta sa Chairt seo a mhilleadh nó iad a theorannú níos mó ná mar a fhoráiltear sa Chairt.

Míniú

Freagraíonn an tAirteagal seo d'Airteagal 17 de CECD:

"Ní cead aon ní sa Choinbhinsiún seo a léiriú mar ní a bheir d'aon Stát, grúpa, nó duine ceart ar bith chun páirt a ghlacadh in aon ghníomh d'fhoinn aon chearta nó saoirse dá luaitear anseo a dhíthiú, nó a theorannú thar mar fhoráiltear sa Choinbhinsiún seo".

¹ Airteagal II-114 den Bhunreacht.

13. Dearbhú maidir le hAirteagal III-116

Comhaontaíonn an Chomhdháil gurb é is aidhm don Aontas ina bheartais éagsúla, faoi chuimsiú a chuid iarrachtaí ginearálta na neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur, gach saghas foréigin bhaile a chomhrac. Is cóir do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh chun na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus chun tacú leis na híospartaigh agus iad a chosaint.

14. Dearbhú maidir le hAirteagal III-136 agus III-267

Measann an Chomhdháil más rud é go ndéanfadh dréacht-dlí Eorpach nó dréacht-dlí réime Eorpach arna bhunú ar Airteagal III-267(2) difear do ghnéithe bunúsacha de chóras slándála sóisialta Ballstáit, lena n-áirítear a raon feidhme, a chostas nó a struchtúr airgeadais, nó go ndéanfadh sé difear do chothromaíocht airgeadais an chórais sin mar atá leagtha amach in Airteagal III-136(2), go dtabharfar aird chuí ar leasanna an Bhallstáit sin.

15. Dearbhú maidir le hAirteagail III-160 agus III-322

Meabhraíonn an Chomhdháil go leanann sé go háirithe ó chearta agus saoirsí bunúsacha a urramú go dtabharfar aire chuí do chearta próisis chuí na ndaoine aonair agus na n-eintiteas i dtrácht a chosaint agus a urramú. Chuige sin agus chun athbhreithniú breithiúnach críochnúil a ráthú ar chinntí Eorpacha a chuireann duine aonair nó eintiteas faoi réir beart sriantach, ní mór na cinntí sin a fhothú ar chritéir shoiléire leithleacha. Is cóir do na critéir sin a chur in oiriúint do na saintréithe atá ag gach beart sriantach.

16. Dearbhú maidir le hAirteagal III-167(2)(c)

Tugann an Chomhdháil dá haire go léireofar Airteagal III-167(2)(c) i gcomhréir leis an gcásdlí atá ann de chuid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus de chuid na Cúirte Céadchéime i ndáil le hinfheidhmeacht na bhforálacha sin maidir le cabhair arna deonú do limistéir áirithe de Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar chuir seandeighilt na Gearmáine as dóibh.

17. Dearbhú maidir le hAirteagal III-184

I dtaca le hAirteagal III-184, daingníonn an Chomhdháil gurb iad an dá philéar atá le beartas eacnamaíoch agus fioscach an Aontais agus na mBallstát cumas fáis a ardú agus riochtaí buiséadacha cobhsaí a ráthú. Is uirlis thábhachtach é an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun na spriocanna sin a ghnóthú.

Athdhaingníonn an Chomhdháil a tiomantas do na forálacha maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis mar chreat chun beartais bhuiséadacha sna Ballstáit a chomhordú.

Daingníonn an Chomhdháil gur córas atá bunaithe ar rialacha an dóigh is fearr chun a ráthú go ndéanfar na gealltanais a fhorfheidhmiú agus go gcuirfear cóir chomhionann ar na Ballstáit uile.

Laistigh den chreat sin, athdhaingníonn an Chomhdháil freisin a tiomantas do spriocanna straitéis Liospóin: cruthú fostáíochta, athchóiriú struchtúrach agus comhtháthú sóisialta.

Is é is aidhm don Aontas fás eacnamaíoch cothromaithe agus cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Dá dheasca sin, caithfidh na beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha na tosaíochtaí leormhaithe a shocrú maidir le leasúcháin eacnamaíocha, nuáil, iomaíochas, agus leis an infheistíocht phríobháideach agus an tomhaltas príobháideach a neartú le linn tréimhsí lag-fháis eacnamaíoch. Is cóir é sin a léiriú i dtreoirínta na gcinntí buiséadacha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe tríd an ioncam agus an caiteachas poiblí a athstruchtúrú agus an smacht buiséadach á urramú i gcomhréir leis an mBunreacht agus leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

Na dúshláin bhuiséadacha agus eacnamaíocha atá le tabhairt ag na Ballstáit, cuireann siad i dtreis an tábhacht atá le beartas buiséadach cobhsaí i gcaitheamh an timthrialla eacnamaíoch.

Comhaontaíonn an Chomhdháil gur chóir do na Ballstáit leas gníomhach a bhaint as tréimhsí téarnaimh eacnamaíoch chun an t-airgeadas poiblí a chomhdhlúthú agus a riocth buiséadach a fheabhsú. Is é an cuspóir atá aige seo barrachas buiséadach a bhaint amach de réir a chéile aimsir an dea-shaoil ionas go mbeifear in ann déileáil le cora chun donais eacnamaíocha agus rannchuidiú mar sin le hinbhuanne fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.

Tá na Ballstáit ag tnúth le haon tograí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh mar aon le haighneachtaí breise ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a neartú agus a shoiléiriú. Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cumas fáis a ngeilleagar a ardú. D'fhéadfadh comhordú feabhsaithe ar an mbeartas eacnamaíoch tacú leis an gcuspóir seo. Tá an Dearbhú seo gan dochar don díospóireacht sa todhchaí maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

18. Dearbhú maidir le hAirteagal III-213

Daingníonn an Chomhdháil go dtagann na beartais atá tuairiscithe in Airteagal III-213 faoi inniúlacht na mBallstát don mhórchuid. Is bearta de chineál comhlántach na bearta atá le glacadh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir leis an Airteagal seo chun dreasacht a chur ar fáil agus an comhordú a chur chun cinn. Fónfaidh siad chun comhar idir na Ballstáit a neartú agus ní chun córais náisiúnta a chomhchuibhiú. Ní dhéanfar difear do na ráthaíochtaí agus na cleachtais atá ann i ngach Ballstát maidir le freagracht na gcomhpháirtithe sóisialta.

Tá an Dearbhú seo gan dochar do na forálacha den Bhunreacht a thugann inniúlacht don Aontas, go fiú i gcúrsaí sóisialta.

19. Dearbhú maidir le hAirteagal III-220

Measann an Chomhdháil go bhféadfar Stáit oiléánacha ina n-iomláine a bheith ar áireamh sa tagairt in Airteagal III-220 do limistéir oiléánacha, faoi réir na critéir is gá a chomhall.

20. Dearbhú maidir le hAirteagal III-243

Tugann an Chomhdháil dá haire go gcuirfear forálacha Airteagal III-243 i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Forléireofar an abairt "sa mhéid gur gá na bearta sin mar chuíteamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a thug deighilt na Gearmáine ar an ngeilleagar i limistéir áirithe de Phoblacht na Cónaidhme ar chuir an deighilt sin as dóibh" i gcomhréir leis an gcásdlí atá ann de chuid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus de chuid na Cúirte Céadchéime.

21. Dearbhú maidir le hAirteagal III-248

Comhaontaíonn an Chomhdháil go dtabharfaidh gníomhaíocht an Aontais i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche aird chuí ar threoirínte agus roghanna bunúsacha bheartais taighde na mBallstát.

22. Dearbhú maidir le hAirteagal III-256

Creideann an Chomhdháil nach ndéanann Airteagal III-256 difear do cheart na mBallstát na bearta is gá a ghlacadh chun a soláthar fuinnimh a áirithiú faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal III-131.

23. Dearbhú maidir leis an dara fomhír d'Airteagal III-273(1)

Measann an Chomhdháil gur cóir do na dlíthe Eorpacha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal III-273(1) aird a thabhairt ar rialacha agus cleachtais náisiúnta a bhaineann le himscrúduithe coiriúla a thionscnamh.

24. Dearbhú maidir le hAirteagal III-296

Dearbhaíonn an Chomhdháil gur chóir d'Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, don Choimisiún agus do na Ballstáit, a luaithe atá an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip sínithe, obair ullmhúcháin a thosú ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Eachtraí.

25. Dearbhú maidir le hAirteagal III-325 maidir leis na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais

Daingníonn an Chomhdháil go bhféadfaidh na Ballstáit comhaontuithe a chaibidil agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta sna réimsí atá folaithe i Ranna 3, 4 agus 5 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a mhéad a chomhlíonann na comhaontuithe sin dlí an Aontais.

26. Dearbhú maidir le hAirteagal III-402(4)

Foráiltear in Airteagal III-402(4) den Bhunreacht, más rud é nach mbeidh aon dlí Eorpach ón gComhairle lena mbunófar creat nua airgeadais glactha faoi dheireadh an chreata airgeadais roimhe sin, go bhfadófar na huastearainneacha agus na forálacha eile a fhreagraíonn do bhliaín dheireanach an chreata sin go dtí go nglacfar an dlí sin.

Dearbhaíonn an Chomhdháil, más rud é nach mbeidh aon dlí Eorpach ón gComhairle lena mbunófar creat nua airgeadais glactha faoi dheireadh 2006 agus sna cásanna ina bhforáiltear i gConradh Aontachais an 16 Aibreán 2003 do thréimhse um chéimniú insteach a mbeidh deireadh léi i 2006 do na leithreasaí a chionroinnt ar na Ballstáit nua, go mbunófar cionroinnt na gcistí amhail ó 2007 ar bhonn na gcrítear céanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na Ballstáit uile.

27. Dearbhú maidir le hAirteagal III-419

Dearbhaíonn an Chomhdháil go bhféadfaidh na Ballstáit a chur i bhfios, nuair a dhéanann siad iarraidh comhar feabhsaithe a chur ar bun, an bhfuil sé ar intinn acu cheana ag an bpointe sin leas a bhaint as Airteagal III-422 lena bhforáiltear don vótáil trí thromlach cáilithe a fhorleathnú nó dul ar iontaoibh an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

28. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-440(7)

Comhaontaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha go nglacfaidh an Chomhairle Eorpach, de bhun Airteagal III-440(7), cinneadh Eorpach as a dtiocfaidh modhnú ar stádas Mayotte i leith an Aontais chun réigiún forimeallach a dhéanamh den chríoch sin de réir bhrí Airteagail IV-440(2) agus III-424 nuair a chuirfidh údaráis na Fraince in iúl don Chomhairle Eorpach agus don Choimisiún go gceadaítear sin leis an éabhlóid atá ar siúl maidir le stádas inmhéánach an oileáin.

29. Dearbhú maidir le hAirteagal IV-448(2)

Measann an Chomhdháil go rannchuidíonn an chaoi chun aistriúcháin a dhéanamh den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip sna teangacha atá luaite in Airteagal IV-448(2) leis an gcuspóir a ghnóthú maidir le saibhreas éagsúlachta cultúrtha agus teanga an Aontais a urramú mar atá leagtha amach sa cheathrú fomhír d'Airteagal I-3(3) den Chonradh sin. Sa chomhthéacs sin, daingníonn an Chomhdháil cion an Aontais le héagsúlacht chultúrtha na hEorpa agus an aire ar leith a leanfaidh sé de bheith á tabhairt do na teangacha sin agus do theangacha eile.

Molann an Chomhdháil do na Ballstáit sin ar mian leo an chaoi atá aitheanta in Airteagal IV-448(2) a thapú a chur i bhfios don Chomhairle, laistigh de shé mhí ó dháta an Conradh sin a shíniú, an teanga nó na teangacha chun a ndéanfar an Conradh a aistriú.

30. Dearbhú maidir le daingniú an Chonartha
ag bunú Bunreachta don Eoraip

Tugann an Chomhdháil dá haire, más rud é, dhá bhliain tar éis an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a shíniú, go bhfuil sé daingnithe ag ceithre chúigiú de na Ballstáit agus go bhfuil deacrachtaí maidir leis an daingniú ag Ballstát amháin nó níos mó, go gcuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

**B. DEARBHUITHE A BHAINNEANN LE PRÓTACAIL ATÁ
I gCEANGAL LEIS AN mBUNREACHT**

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal
 maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge,
 na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire
 agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht
 na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne
 agus Ríocht na Sualainne

31. Dearbhú maidir le hOileáin Åland

Aithníonn an Chomhdháil go mbunaítear an córas is infheidhme ar Oileáin Åland, dá dtagraítear in Airteagal IV-440(5), agus an stádas speisialta atá ag na hoileáin sin faoin dlí idirnáisiúnta á chur san áireamh.

Chuige sin, cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir go bhfuil forálacha sonracha le fáil i Roinn 5 de Theideal V den Phrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

32. Dearbhú maidir leis an bpobal Sami

Ag féachaint d'Airteagail 60 agus 61 den Phrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, aithníonn an Chomhdháil oibleagáidí agus ceangaltais na Sualainne agus na Fionlainne i leith an phobail Sami faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta,

Tugann an Chomhdháil dá haire go gcuireann an tSualainn agus an Fhionlainn ceangaltais orthu féin gléas beo, teanga, cultúr agus nós maireachtála an phobail Sami a chaomhnú agus a fhorbairt, agus measann sí go bhfuil cultúr agus gléas beo traidisiúnta Sami spleách ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha príomhúla ar nós aoireacht réinfhianna i limistéir thraigisiúnta lonnaíochtaí Sami.

Chuige sin, cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir go bhfuil forálacha sonracha le fáil i Roinn 6 de Theideal V den Phrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

Dearbhuithe a bhaineann leis an bPrótacal
 maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais
 Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire,
 Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire,
 Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine
 agus Phoblacht na Slóvaice

33. Dearbhú maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha
 Ríocht Aontaithe na Breataine Móire
 agus Thuaisceart Éireann sa Chipir

CUIREANN AN CHOMHDHÁIL I bhFIOS,

Ag meabhrú di go bhforáiltear sa Chomhdhearbhú maidir le Limistéir Cheannasachta Ríocht
 Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal le hIonstraim
 Chríochnaitheach an Chonartha i dtaobh aontachas na Ríochta Aontaithe leis na Comhphobail
 Eorpacha go ndéanfar na socruite is infheidhme ar an gcaidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta
 na hEorpa agus na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a shainiu i gcomhthéacs aon chomhaontaithe
 idir an Comhphobal agus Poblacht na Cipire;

Ag cur san áireamh di na forálacha maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha atá leagtha
 amach sa Chonradh maidir le bunú Phoblacht na Cipire (dá ngairtear "an Conradh Bunaíochta"
 anseo feasta) agus sna Malartuithe Nótaí gaolmhara a ghabhann leis dar dáta an 16 Lúnasa 1960;

Ag tabhairt dá haire di an Malartú Nótaí idir Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas Phoblacht na Cipire maidir le riarchán na Limistéar Bunáite Flaitheasach, dar dáta 16 Lúnasa 1960, agus an Dearbhaithé ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a ghabhann leis á rá gur ceann de na príomhchuspóirí atá le baint amach cosaint leasanna na ndaoine a chonaíonn nó atá ag obair sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, agus de bhrí, sa chomhthéacs sin, gur chóir go gcuirfí an chóir chéanna a mhéad is féidir ar na daoine sin a chuirtear ar dhaoine a chónaíonn nó atá ag obair i bPoblacht na Cipire;

Ag tabhairt dá haire di fairis sin na forálacha den Chonradh Bunaíochta i dtaca le socruite custaim idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire agus go háirithe na forálacha in Iarscríbhinn F a ghabhann leis an gConradh sin;

Ag tabhairt dá haire di freisin an gealltanás ón Ríocht Aontaithe gan poist chustaim nó bacainní teorann eile a chruthú idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire, agus na socruite a rinneadh de bhun an Chonartha Bhunaíochta ar dá réir a riarrann údaráis Phoblacht na Cipire raon leathan seirbhísí poioblí sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, lena n-áirítear réimsí na talmhaíochta, an chustaim agus an chánachais;

Ag deimhniú di nár chóir go ndéanfadh aontachas Phoblacht na Cipire leis an Aontas Eorpach difear do chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa Chonradh Bunaíochta;

Ag aithint di dá bhrí sin gur gá forálacha áirithe den Bhunreacht agus de ghníomhartha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus socruite speisialta a dhéanamh i ndáil leis na forálacha sin a chur chun feidhme sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha;

Gur cuireadh forálacha sonracha chun na críche sin isteach i dTeideal III de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

34. Dearbhú ón gCoimisiún maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha
Ríocht Aontaithe na Breataine Móire
agus Thuaisceart Éireann sa Chipir

Deimhníonn an Coimisiún a thuiscint go n-áirítear ar fhorálacha dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha de bhun Theideal III de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice:

- (a) Rialachán (CE) Uimh. 3448/93 ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 ag leagan síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe a thig ó tháirgí talmhaíochta a phróiseáil;
- (b) Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha, a mhéad a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) chun bearta forbartha tuaithe a mhaoiniú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha faoi Roinn Ráthaíochta CETRT.

35. Dearbhú maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin

CUIREANN AN CHOMHDHÁIL I bhFIOS,

Ag dearbhú fonnmhaireacht an Aontais leanúint de chúnamh breise leordhóthanach a sholáthar d'iarracht na Liotuáine chun díchoimisiúnú a dhéanamh freisin tar éis aontachas na Liotuáine leis an Aontas Eorpach don tréimhse go dtí 2006 agus ina dhiaidh agus ag tabhairt dá haire di go bhfuil an Liotuáin, agus aird á tabhairt aici ar dhlúthpháirtíocht an Aontais arna cur in iúl amhlaidh, tar éis a chur de ghealltanás uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh roimh 2005 agus Aonad 2 faoi cheann 2009;

Á aithint di gur de chineál gan sampla é an díchoimisiúnú ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina lena dhá aonad imoibreora de chineál 1500 MW RBMK arna bhfáil mar oidhreacht ón iar-Aontas Sóivéadach agus gur ualach eisceachtúil airgeadais é don Liotuáin nach bhfuil comhchuimseach le méid agus neart eacnamaíoch na tíre agus go leanfaidh an díchoimisiúnú sin tar éis na Peirspictíochta Airgeadais láithrí mar atá arna sainiu le Comhaontú Idirinstitiúideach an 6 Bealtaine 1999;

Ag tabhairt dá haire di an gá atá le forálacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cúnamh Aontais breise chun déileáil leis na hiarmhairtí a thig ó Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú;

Ag tabhairt dá haire di go dtabharfaidh an Liotuáin aire chuí ar riachtanais na réigiún is mó a ndéanfaidh dúnadh Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina difear dóibh agus an cúnamh Aontais á úsáid aici;

Ag dearbhú di go measfar go bhfuil bearta áirithe a gheobhaidh tacaíocht trí chabhair phoiblí ag luí leis an margadh inmheánach, ar nós dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina, uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an *acquis* agus nuachóiriú an chumais táirgeachta leictreachais ghnásúil is gá chun ionad an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a ghabháil tar éis a ndúnáta,

Gur cuireadh forálacha sonracha chun na críche sin isteach i dTeideal IV de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

36. Dearbhú maidir le hidirthuras daoine de thalamh
idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile
de Chónaidhm na Rúise

CUIREANN AN CHOMHDHÁIL I bhFIOS,

Ag féachaint di do staid faoi leith réigiún Kaliningrad de chuid Chónaidhm na Rúise i gcomhthéacs mhéadú an Aontais;

Ag aithint di oibleagáidí agus ceanglais na Liotuáine i dtaca leis an *acquis* ag bunú limistéar saorise, slándála agus ceartais;

Ag tabhaint dá hairte di, go háirithe, go ndéanfaidh an Liotuáin *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go hiomlán maidir leis an liosta de thíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus de thíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin, mar aon le *acquis* an Aontais maidir le formáid chomhionann do víosa amhail ón aontachas ar a dhéanaí;

Ag aithint di gur ceist a bhaineann leis an Aontas ina ionnláine idirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise agus gur cóir déileáil leis amhlaidh agus nach cóir go leanfadh aon iarmhaint neamhfhabhrach uaidh don Liotuáin;

Ag féachaint di don chinneadh atá le glacadh ag an gComhairle rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a dhíchur tar éis di a fhíorú gur comhallaadh na coinníollacha is gá chuige sin;

Ar é a bheith de rún daingean aici cuidiú leis an Liotuáin na coinníollacha a chomhall a thúisce is féidir le haghaidh ranpháirteachais ionlán i limistéar Schengen gan teorainneacha inmheánacha;

Gur cuireadh forálacha sonracha chun na críche sin isteach i dTeideal V de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

37. Dearbhú maidir le hAonad 1 agus Aonad 2
de ghléasra cumhachta núicléiche
Bohunice V1 sa tSlóvaic

CUIREANN AN CHOMHDHÁIL I bhFIOS,

Ag tabhairt dá haire di gealltanais na Slóvaice Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhúnadh ag deireadh 2006 agus 2008 faoi seach agus ag dearbhú di fonnmhaireacht an Aontais leanúint de chabhair airgeadais a sholáthar go dtí 2006 mar leanúint den chabhair réamhaontachais arna pleanáil faoi chlár Phare mar thacaíocht d'iarrachtaí na Slóvaice chun díchoimisiúnú a dhéanamh;

Ag tabhairt dá haire di an gá atá le forálacha cur chun feidhme a ghlacadh i dtaca leis an gcúnamh Aontais leanúnach;

Gur cuireadh forálacha sonracha chun na críche sin isteach i dTeideal IX de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

38 Dearbhú maidir leis an gCipir

CUIREANN AN CHOMHDHÁIL I bhFIOS,

Ag athdhaingniú a gealltanais do shocraíocht chuimsitheach ar fhadhb na Cipire, atá comhchuí le rúin ábhartha ó Chomhairle Shlándála na Náisiún Aontaithe, agus a tacaíochta láidre d'iarachtaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chuige sin;

De bhrí nach bhfuil socraíocht chuimsitheach den sórt sin ar fhadhb na Cipire aimsithe fós;

De bhrí gur gá mar sin forálacha a leagan síos chun cur i bhfeidhm an *acquis* a fhionraí sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu;

De bhrí, má aimsítear réiteach ar fhadhb na Cipire, go ndéanfar an fhionraíocht sin a fhoirceannadh;

De bhrí go bhfuil an tAontas réidh glacadh le téarmaí aon socraíocht den sórt sin atá i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe;

De bhrí gur gá foráil a dhéanamh maidir leis na coinníollacha faoina gcuirfear i bhfeidhm na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais ar an líne idir na limistéir thuasluaite agus na limistéir sin araon a bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu agus Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

Ós mian léi saoránaigh uile na Cipire tairbhe a bhaint as aontachas na Cipire leis an Aontas agus an tsíocháin agus an t-athmhuintearas sa phobal a chur chun cinn;

De bhrí mar sin nach gcoisceadh aon ní i dTeideal X de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice bearta a bhfuil an cuspóir sin acu;

De bhrí nach ndéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm an *acquis* faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal sin in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire;

Gur cuireadh forálacha sonracha chun na críche sin isteach i dTeideal X de Chuid a Dó den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

39. Dearbhú i ndáil leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge

Tugann an Chomhdháil dá haire, i ndáil leis na gníomhartha dlí atá le glacadh ag an gComhairle ag gníomhú di ina haonar nó i gcomhpháirt le Parlaimint na hEorpa agus ina bhfuil forálacha is infheidhme maidir leis an Danmhairg chomh maith le forálacha nach bhfuil infheidhme maidir leis an Danmhairg toisc go bhfuil bunús dlí acu a bhfuil feidhm ag Cuid I den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge ina leith, go ndearbhaíonn an Danmhairg nach n-úsáidfidh sí a ceart vótála chun glacadh forálacha nach bhfuil infheidhme maidir leis an Danmhairg a chosc.

Fairis sin, tugann an Chomhdháil dá haire go ndearbhaíonn an Danmhairg, ar bhonn an Dearbhaithéón gComhdháil maidir le hAirteagail I-43 agus III-329 den Bhunreacht, go mbeidh rannpháirtíocht na Danmhairge i ngníomhaíochtaí nó i ngníomhartha dlí de bhun Airteagal I-43 agus III-329 i gcomhréir le Cuid I agus Cuid II den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge.

40. Dearbhú maidir leis an bPrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais

Is mar seo a leanas an comhsheasamh a ghlacfaidh na Ballstáit ag comhdhálacha aontachais na Rómáine agus/nó na Bulgáire leis an Aontas Eorpach i ndáil le cionroinnt na suíochán i bParlaimint na hEorpa agus ualú na vótaí sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle.

1. Má aontaíonn an Rómáin agus/nó an Bhulgáir don Aontas Eorpach sula dtiocfaidh an cinneadh ón gComhairle Eorpach dá dtagraítear in Airteagal I-20(2) i bhfeidhm, cionroinnfear na suíocháin i bParlaimint na hEorpa don téarma parlaiminteach 2004 go 2009 de réir an tábla seo a leanas le haghaidh Aontais ina mbeidh 27 Ballstát.

BALLSTÁT	SUÍOCHÁIN sa PE
An Ghearmáin	99
An Ríocht Aontaithe	78
An Fhrainc	78
An Iodáil	78
An Spáinn	54
An Pholainn	54
An Rómáin	35
An Ísiltír	27
An Ghréig	24
Poblacht na Seice	24
An Bheilg	24
An Ungáir	24
An Phortaingéil	24
An tSualainn	19
An Bhulgáir	18
An Ostair	18
An tSlóvaic	14
An Danmhairg	14
An Fhionnlainn	14
Éire	13
An Liotuáin	13
An Laitvia	9
An tSlóivéin	7
An Eastóin	6
An Chipir	6
Lucsamburg	6
Málta	5
IOMLÁN	785

De mhaolú ar Airteagal I-20(2) den Bhunreacht, forálfar sa Chonradh Aontachais leis an Aontas go bhféadfaidh lín chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa dul thar 750 go sealadach don chuid eile den téarma parlaiminteach 2004 go 2009.

2. In Airteagal 2(2) den Phrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, socrófar ualú na vótaí don Rómáin agus don Bhulgáir sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle mar 14 agus 10 faoi seach.

3. Tráth gach aontachais, déanfar an tairseach dá dtagraítear sa Phrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Phrótacal sin.

41. Dearbhú maidir leis an Iodáil

Tugann an Chomhdháil dá haire a raibh ráite sa Phrótacal maidir leis an Iodáil a cuireadh i gceangal i 1957 leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, mar atá arna leasú tráth an Conradh ar an Aontas Eorpach a ghlacadh:

"TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna áirithe ar leith a bhaineann leis an Iodáil a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

TÓGANN BALLSTÁIT AN CHOMHPHOBAIL

SUNTAS DE go bhfuil Rialtas na hIodáile ag gabháil do chlár deich mbliana d'fhorbraíocht eacnamaíoch atá ceaptha chun na míchothromaíochtaí i ngréasán eacnamaíocht na hIodáile a cheartú, go háirithe trí bhoneagar a chur ar fáil do na limistéir lagfhobhartha i nDeisceart na hIodáile agus ar oileáin na hIodáile agus trí phoist nua a chruthú d'fhonn an dífhostaíocht a dhíchur;

TUGANN SIAD CHUN CUIMHNE go bhfuil prionsabail agus cuspóirí chlár seo Rialtas na hIodáile breithnithe agus formheasta ag eagraíochtaí um chomhar idirnáisiúnta ar comhaltaí díobh na Ballstáit;

AITHNÍONN SIAD gurb é a gcomhleas é go mbainfí amach cuspóirí chlár na hIodáile;

COMHAONTAÍONN SIAD, chun cuidiú le Rialtas na hIodáile an cúram sin a thabhairt chun críche, ar a mholadh d'institiúidí an Chomhphobail leas a bhaint as na modhanna agus na nósanna imeachta go léir dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus, go háirithe, úsáid iomchuí a dhéanamh d'acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus Chiste Sóisialach na hEorpa;

IS É A dTUAIRIM gur chóir d'institiúidí an Chomhphobail, ag cur an Chonartha seo chun feidhme dóibh, aird a thabhairt ar an iarracht leanúnach atá le déanamh ag geilleagar na hIodáile sna blianta le teacht agus ar a mhéad is inmhianaithe go seachnófaí strusanna contúirteacha, go háirithe i gcomhardú na n-íocaíochtaí nó i leibhéal na fostáiochta, a d'fhéadfadh bheith ina mbaol d'fheidhmiú an Chonartha seo san Iodáil;

AITHNÍONN SIAD go mbeidh sé riachtanach, má chuirtear Airteagail 109h agus 109i i bhfeidhm, cúram a ghlacadh nach rachaidh aon bhearta dá n-éileofar ar Rialtas na hIodáile chun dochair do chomhlíonadh a chláir chun forbraíocht eacnamaíoch a chur chun cinn agus caighdeán maireachtála an phobail a ardú."

DEARBHUITHE Ó BHALLSTÁIT

42. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir
le hAirteagal I-55

Comhaontóidh Ríocht na hÍsiltíre le cinneadh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal I-55(4) a luaithe a bheidh réiteach sásúil maidir lena glanriocht diúltach iomarcach íocaíochtaí i leith bhuiséad an Aontais Eorpaigh curtha ar fáil don Ísiltír le coigeartú ar an dlí Eorpach dá dtagraítear in Airteagal I-55(4).

43. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir
le hAirteagal IV-440

Dearbhaíonn Ríocht na hÍsiltíre nach dtíolacfar tionscnamh do chinneadh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal IV-440(7) arb é is aidhm dó stádas Aintillí na hÍsiltíre agus/nó Aruba i leith an Aontais a mhodhnú, ach amháin ar bhonn cinneadh arna ghlacadh ar cothrom leis an gCairt do Ríocht na hÍsiltíre.

44. Dearbhú ó Phoblacht Chónaídhe na Gearmáine, ó Éirinn, ó Phoblacht na hUngáire,
ó Phoblacht na hOstaire agus ó Ríocht na Sualainne

Tugann an Ghearmáin, Éire, an Ungáir, an Ostair agus an tSualainn dá n-aire nach ndearnadh croí-fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a leasú go substaintiúil ó tháinig sé i bhfeidhm agus gur gá iad a thabhairt suas chun dáta. Mar sin, tá siad i bhfabhar Comhdháil d'Ionadaithe Rialtais na mBallstát a chomóradh a luaithe is féidir.

45. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne agus
ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Tá feidhm ag an gConradh ag bunú an Bhunreachta maidir le Giobráltar mar chríoch Eorpach a bhfuil Ballstát freagrach as a chaidreamh eachtrach. Ní leanfaidh uaidh sin aon athrú i seasaimh faoi seach na mBallstát i dtrácht.

46. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuisceart Éireann
maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"

I ndáil leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus le haon cheann de na gníomhartha a chineann ó na Conarthaí sin nó a leanann de bheith i bhfeidhm de bhua na gConarthaí sin, athdhéanann an Ríocht Aontaithe an Dearbhú a rinne sí an 31 Nollaig 1982 maidir le sainiú an fhocail "náisiúnaigh" ach amháin go dtuigfear an tagairt do "dhaoine is saoránaigh de na spleáchríocha Briotanacha" mar thagairt do "dhaoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear".

47. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"

Tugann an Spáinn dá haire go bhfuil, i gcomhréir le hAirteagal I-10 den Bhunreacht, saoránacht an Aontais ag gach náisiúnach de Bhallstát. Tugann an Spáinn dá haire freisin, faoi mar atá an lánpháirtiú Eorpach faoi láthair mar atá sé léirithe sa Bhunreacht, gurb iad náisiúnaigh na mBallstát amháin atá i dteideal cearta sonracha na saoránachta Eorpaí a bheith acu, mura bhforáiltear a mhalaírt go sainráite i ndlí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tugann an Spáinn dá haire, sa deireadh, gurb í Parlaimint na hEorpa, faoi Airteagail I-20 agus I-46 den Bhunreacht, a ionadaíonn saoránaigh an Aontais faoi láthair.

48. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gceart vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire nach bhfuil Airteagal I-20 agus forálacha eile den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip ceaptha chun an bonn atá leis an gceart vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a athrú.

49. Dearbhú ó Ríocht na Beilge maidir leis na Parlaimintí náisiúnta

Is mian leis an mBeilg a chur i bhfios, i gcomhréir lena dlí bhunreachtúil, go ndéanann Teach Ionadaithe agus Seanad na Parlaiminte Cónaighme mar aon le tionól pharlaiminteacha na bPobal agus na Réigiún, i bhfianaise na n-inniúlachtaí arna bhfeidhmiú ag an Aontas, gníomhú mar chomhpháirteanna den chóras parlaiminteach náisiúnta nó mar sheomraí den Pharlaimint náisiúnta.

50. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia agus ó Phoblacht na hUngáire maidir le litriú ainm an airgeadra aonair sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

Gan dochar do litriú aontaithe ainm airgeadra aonair an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus mar atá ar na notaí bainc agus ar na monaí, dearbhaíonn an Laitvia agus an Ungáir nach bhfuil aon éifeacht ag litriú ainm an airgeadra aonair, lena n-áirítear a dhíorthaigh, mar atá arna úsáid sa leagan Laitvise agus sa leagan Ungáirise den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, ar rialacha láithreacha na Laitvise agus na hUngáirise.